An Chomhairle Náisiúnta
um Oideachas Speisialta
National Council
for Special Education

# Relate an CNOS

## Cur Chuige um Thús Áite do Rialú i leith Iompraíocht a Athshamhlú agus Tacú le hIdirchaidreamh agus le Rannpháirtíocht Daltaí



An Chomhairle Náisiúnta
um Oideachas Speisialta
National Council
for Special Education

Tá an saothar seo faoi cheadúnas Creative Commons Attribution

Noncommercial – ShareAlike 4.0

Ceadúnas Idirnáisiúnta

©CNOS 2025

An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

2 Mill Street, Townparks South, Baile Átha Troim, Co. na Mí

Suíomh Gréasáin: www.ncse.ie



(Grianghraf le cead ón gCartlann Ghrianghrafadóireachta, Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta, Rialtas na hÉireann)

# *Tríchosóg*: Siombail a chuireann cothromaíocht, caidreamh, gluaiseacht, agus dul chun cinn in iúl

Bhí siombailí ársa tábhachtach maidir le cultúr na hÉireann thar go leor glúnta, agus chuir siad gnéithe éagsúla den saol agus den chreideamh in iúl. Tá na siombailí seo ar fáil in go leor foirmeacha ealaíne agus tá siad an-tábhachtach i measc daoine de shliocht na gCeilteach. Bhí bíseanna le tabhairt faoi deara ar ealaín charraige chomh fada siar leis an tréimhse Neoiliteach agus is cosúil go raibh brí thábhachtach leo i measc cuid de na sibhialtachtaí daonna is luaithe. Tá patrúin ghuairneánacha agus dearaí casta i measc ghnéithe sainiúla na siombailí luatha seo. Ceaptar go bhfuil an bhís ar cheann de na maisiúcháin is ársa ar domhan agus creideann roinnt daoine go léiríonn sí radaíocht agus fuinneamh na gréine. Tá an mhóitíf thríbhíseach cháiliúil a greanadh go cúramach ar chloch laistigh de sheomra Shí an Bhrú ar cheann de na siombailí is íocónaí in ealaín Mheigiliteach na hÉireann. Tugtar an triscéil air freisin, agus tá trí bhís ar deiseal atá ceangailte le mol lárnach sa *tríchosóg*.

Ní thuigtear go fóill an bhrí bheacht atá leis an tsiombail seo, ach cuireann sí léargas ar fáil faoi shiombalachas saibhir na ndaoine ársa a chruthaigh í. Ceapann roinnt daoine gur siombail í an *tríchosóg* den aontacht agus de dhul chun cinn. Mar gheall go bhfuil an chosúlacht air go bhfuil sí ag bogadh, léiríonn an *tríchosóg* an díograis chun bogadh ar aghaidh agus deacracht a shárú, agus tugann an ghluaiseacht dhealraitheach sa tsiombail é seo le fios dá bharr. Creidtear go dtugann gluaiseacht, nó bogadh, fuinneamh le fios. Brí eile a d'fhéadfadh a bheith leis ná go léiríonn an dearadh cuartha an uimhir ríthábhachtach a bhí ag na Ceiltigh, *a trí*, anuas ar línte gan deireadh nach bhfuil aon phointe infheicthe tosaigh ná críochnaithe acu.



 © CNOS 2025



Tá trí bhís ar deiseal ag an *Tríchosóg* atá ceangailte leis an lár, agus tá sí beagánín cosúil le siombail thríchosach Mhanannach. Ciallaíonn an focal Gréigise *Triskele* 'tríchosach' agus tugtar an tríbhís air chomh maith.

Ceaptar gur siombail oiriúnach í *an tríchosóg* i Sí an Bhrú le Relate an CNOS a léiriú. Tá trí bhís atá ceangailte le chéile inti agus tugann sí cúrsaí agus gluaiseacht le fios agus is féidir léi taithí saoil ilghnéitheach daltaí agus pobail scoile a thabhairt le fios.

Tá *an tríchosóg* snoite isteach i gcarraig mhór i gcuas sheomra Shí an Bhrú agus feidhmíonn an bonn carraige féin mar bhunsraith láidir don pheitriglif ar leith seo. Tá láidreacht agus cobhsaíocht an ghalláin bunriachtanach maidir lena sheasmhacht. Ar an gcuma chéanna, chun go mbainfidh leanaí agus daoine óga an rath amach ar a n-aistear oideachais, tá bunsraith dhaingean sa bhaile, sa réamhscoil agus sa phobal ríthábhachtach. Déanann leanaí scileanna saoil a fhoghlaim agus a fhorbairt i mbunchéim an oideachais a chabhróidh leo de réir mar a fhásann siad, scileanna déileála sóisialta agus mothúchánaí, fadhbréitigh agus comhoibrithe san áireamh. Imreoidh an timpeallacht níos fairsinge shóisialta, gheilleagrach, agus fhisiciúil, caighdeán na tithíochta, agus tacaíochtaí sa chomharsanacht, tionchar freisin ar conas mar a fhorbraíonn siad.

Thug Bronfenbrenner le fios go n-imríonn sraith córais idirnasctha timpeallachta tionchar ar fhorbairt linbh, idir an gharthimpeallacht agus struchtúir nó córais fhairsinge shochaíocha. Faoi mar is eol dúinn, tá na struchtúir seo comhghaolmhar; braitheann an tionchar a imríonn córas amháin ar fhorbairt linbh ar a ghaol leis na cinn eile. Cuireann *an tríchosóg* léiriú oiriúnach ar fáil ar na gaolta casta seo nach mbíonn statach riamh. Tugtar chun solais i dtionchar infheicthe ghluaiseacht ghuairneánach *na tríchosóige* mianach dinimiciúil na múinteoireachta agus na foghlama, an t-idirghníomhú idir tionchair inmheánacha agus sheachtracha i saol laethúil daltaí agus múinteoirí, agus dodhéantacht an dul chun cinn a bheith líneach agus díreach i gcónaí.

D'fhéadfadh na trí bhís an leanbh nó an duine óg, an duine fásta, agus an timpeallacht a chur in iúl freisin. Is féidir an tuiscint a bhaint as na cosáin a nascann na trí bhís gur rudaí iad a cheanglaíonn na foghlaimeoirí, pearsanra na scoile, agus an comhthéacs, an timpeallacht agus na háiteanna cónaithe san áireamh. Is deacair an méid go léir atá ag titim amach laistigh den tsiombail (nó eispéireas an dalta, go deimhin) a thabhairt faoi deara in aon am amháin, mar gheall ar chruthatiheacht ghuairneánach agus ar ealaíontacht *na tríchosóige*, agus d'fhéadfadh sé a bheith mearbhlach nuair a dhéanann duine iarracht líne a tharraingt ón imeall go dtí an lár nó ó bhís amháin go ceann eile. Tugann a chúinge atá na spásanna idir na línte agus a ngaireacht do ghnéithe eile na dúshláin le fios i dtaobh an bealach is sábháilte agus is fearr a aimsiú, agus aithníonn siad freisin an baol atá rompu siúd ar an aistear go rachaidh siad ar strae, go háirithe na taistealaithe níos leochailí nó iad siúd nach bhfuil chomh taithíoch céanna.

Cuirtear cleachtais idirnáisiúnta agus dea-chleachtas sa tír seo i ngníomh in *Relate* an CNOS. Dhá thionchar thábhachtacha iad cuir chuige *Reggio Emelia* agus *Te Whariki*. Forbraíodh cur chuige Reggio ó 1945 san Iodáil i ndiaidh an Dara Cogadh Domhanda. Tugtar le fios sa chur chuige, ag comhfhreagirt do thrí bhís *na Tríchosóige*, go bhfuil triúr 'múinteoirí' bainteach i bhfoghlaim leanaí – tuismitheoirí, múinteoirí, agus timpeallacht an tseomra ranga. Léirítear i siombail *na tríchosóige* fís bhunaitheoirí Reggio Emelia. D'fhéadfaí na prionsabail a dtacaítear leo in Reggio Emelia a chur in iúl trí '*bhíseanna*' '*na tríchosóige*'. Ar an gcaoi sin, ba cheart a mheas go bhfuil gach ceann de bhíseanna bunúsacha an chur chuige mar chuid den chóras níos mó a oibríonn le timpeallachtaí a chruthú ina mbraitheann leanaí, múinteoirí agus teaghlaigh braistint chómhuintearais. Braitheann gach ceann de na bíseanna ar a chéile agus imríonn siad tionchar ar a chéile. Cuireann gach '*bís*' a méid ar leith féin leis an gcóras ina iomláine.


© CNOS 2025

Ar an gcuma chéanna, roinntear in *Relate* an CNOS uaillmhian na bhfísithe a thug cuntas ar chur chuige Reggio Emelia maidir le '*Íomhá an linbh*'. Déanann meas a léiriú ar dhaoine óga an caidreamh idir idir an múinteoir agus an leanbh a fhairsingiú. Teastaíonn ligean chugat agus uait le meas a léiriú agus ní bhíonn ceachtar páirtí chun tosaigh ná ar cúl i gcónaí. Titeann an tuiscint agus an cóngas domhain a fhorbraíonn leanaí le piaraí, le hábhar agus leis an timpeallacht amach trí eachtraí iomadúla i rith tréimhse fhada ama. Léirítear an dóchas agus na hionchais siúd sa *tríchosóg*.

Ó cuireadh tús leis, is é an dúshlán in Reggio Emelia oideachas a chur ar dhaltaí ar bhealach difriúil. Ar an gcuma chéanna, lorgaítear in *Relate* an CNOS iompraíocht daltaí a athshamhlú agus cur chuige 'um thús áite do rialú a chur chun cinn, a thacaíonn le hidirchaidreamh agus le rannpháirtíocht daltaí. Meastar i gcuir chuige Reggio agus *Relate* go bhfuil an leanbh láidir agus lán le cumas.  Bunaítear an dearcadh sin ar chaidreamh a fhorbairt idir agus i measc leanaí, múinteoirí, daoine eile, agus ábha(i)ir. Leabaítear gach gné sna gnéithe eile agus braitheann siad ar na gnéithe eile i gcóras a ghníomhaíonn cosúil le horgánach beo. Tá an t-orgánach beo scoile seo i gcónaí ag gluaiseacht, ag casadh ar nós bíse amach i dtreo an domhain teaghlaigh agus pobail agus ag casadh thart i gciorcal ar ais go dtí an leanbh nó an duine óg mar an duine lárnach. Níl deireadh leis an bpróiseas, i gcónaí ag bogadh i dtreo cearta a bheith ag an leanbh agus cultúr ionchuimsitheach a chruthú i scoileanna. Níl aon torthaí réamhdhearbhaithe ná patrúin líneacha eagraithe ann. Ina ionad sin, déanann siad cur síos ar eagrú na múinteoireachta cosúil le bís nach mór agus gan aon súil a bheith le gníomhartha múinteoirí titim amach in ord sainithe nó i dtréimhse theoranta ama.  Rinne Loris Malaguzzi an cur síos ar churaclam a phleanáil in Reggio Emelia mar chineál aistir a bhfuil an iomaí cor agus casadh ann agus gan ach aon sprioc amháin a bheith le baint amach – cabhrú le leanaí (McNally agus Slutsky, 2016).

Tugtar snáitheanna go minic ar ghnéithe an churaclaim i gcóras oideachais na hÉireann. Cuirtear na *snáitheanna* i láthair na ndaltaí agus téann siad i ngleic leo, snáitheanna atá fite fuaite ina chéile chun go dtabharfar eispéireas den churaclam fairsing do na daltaí. Samhlaítear nascadh an oideachais agus ar fhíodóireacht nó ar fhí ina chéile chomh maith i gcórais eile oideachais. Baineann an Te Whariki sa Nua-Shéalainn leas as coincheapa, teanga agus cultúr traidisiúnta Maorach. Ciallaíonn 'whāriki' mata fite as Béarla. Déanann fíodóir fíodóireacht i snáitheanna nua de réir mar a chuirtear leis an whāriki. Nuair a osclaítear cáipéis an churaclaim, is féidir a thabhairt faoi deara nach bhfuil an whāriki críochnaithe, agus go bhfuil snáitheanna scaoilte le fí go fóill. Aithníonn seo féidearthacht an linbh agus a n-aistear leanúnach oideachais.

McNally, S.A., agus Slutsky, R. (2016) *Key elements of the Reggio Emilia approach and how they are interconnected to create the highly regarded system of early childhood education*

# Clár an Ábhair


An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta 5
Ráiteas ar Theanga 5
Brollach 6
Réamhrá 7
Fís do Chuir Chuige Ionchuimsitheacha agus Chaidreamhacha 8
Conas Relate an CNOS a Úsáid 9
Comhthéacs Oideachais 10
Oideolaíocht 12
- Oideolaíocht Chaidreamhach 12
- Oideolaíocht Spraíúil 12
- Gníomhú i measc Múinteoirí agus Eolas ar an Oideolaíocht 13
  - Prionsabail 14
  - Bunaithe ar Chearta 15
  - Guth na nDaltaí 16
  - Tús Áite do Rialú 18
    - Céimeanna Rialaithe 18
    - An Múinteoir mar Chomhrialálaí 19
    - Iompraíocht a Athshamhlú mar Mhírialú 19
    - Céimeanna Tacaíochta 27
  - Néaraidhearfach 32
  - Dírithe ar Réiteach 34
  - Folláine Foirne agus Daltaí 36
    - Muintearas 38
    - Meon Fáis 38
  - Meas Dearfach Neamhchoinníollach 40
  - Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim (DUF) 41
  - Sé Ghné chun Tacú le Rannpháirtíocht agus Idirchaidreamh Daltaí 44
  - Gné na Tuisceana 45
  - Gné an Chaidrimh 58
    - PACE 61
  - Gné an Fhiosraithe 65
    - Dírithe ar Réiteach 67
    - Socrú Spriocanna atá Dírithe ar Réiteach 68
    - Athbhreithniú agus Machnamh atá Dírithe ar Réiteach 70
  - Gné an tSeomra Ranga 71
  - Gné na Múinteoireachta 74
    - Teanga agus Cumarsáid 80
    - Neart na hOideolaíochta Spraíúla 86
  - Gné an Athmhachnaimh 88

Aguisíní 92
Tagairtí 106



© CNOS 2025

# An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

Cuireann an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (an CNOS) contanam soláthair oideachais chun cinn atá ionchuimsitheach do gach dalta. Cuireann an CNOS tacaíocht ar fáil do scoileanna; cuireann sé comhairle ar oideachasóirí, ar thuismitheoirí agus ar chaomhnóirí; déanann sé taighde ar an oideachas speisialta a choimisiúnú agus a scaipeadh; agus cuireann sé comhairle faoi bheartas ar fáil don Aire Oideachais ar oideachas daltaí a bhfuil riachtanais bhreise acu inár scoileanna.

Cuireann an CNOS réimse fairsing tionscnaimh um Fhoghlaim Ghairmiúil Múinteoirí (FGM) ar siúl lena chur ar chumas scoileanna a gcumas a fhorbairt tacú le riachtanais na ndaltaí go léir. Áirítear leis seo féilire seimineár agus ceardlann a sholáthar, agus tacaíochtaí ionscoile a éascú go náisiúnta atá deartha an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Eolas agus scileanna múinteoirí a fhorbairt chun acmhainn a fhorbairt ina scoileanna chun tacú le daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu
- Contanam tacaíochta a chur chun cinn atá ionchuimsitheach agus freagrúil do gach dalta
- Tacaíochtaí a sholáthar chun cabhrú le scoileanna na heispéiris agus na torthaí oideachais do gach dalta a fheabhsú.

Tá eolas breise ar fáil ag **www.ncse.ie**.

# Ráiteas ar Theanga

Aithníonn an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (an CNOS) an éagsúlacht atá ann sa teanga a úsáidtear le cur síos a dhéanamh ar riachtanais oideachais agus ar mhíchumas. I gcás roinnt daoine aonair, is é 'duine nó duine aonair faoi mhíchumas', nó teanga tús áite don duine, an rogha téarma. I gcás daoine eile, is fearr leo go n-úsáidtear 'teanga tús áite d'fhéiniúlacht' (IFL), mar shampla 'uathach'. Tá an téarma 'néara-éagsúil' ag teacht chun cinn mar an rogha téarma le daoine aonair, agus a éagsúla atá siad, a aithint. Ar mhaithe le cur chuige ionchuimsitheach i leith an chreata seo a leabú, úsáideann an CNOS gach ceann de na trí théarma go hidirmhalartaithe. Cuirtear 'riachtanais speisialta oideachais' i bhfeidhm ar fud na cáipéise seo mar gheall gurb é an téarma bunaithe i gcomhthéacs oideachais agus reachtaíochta an Achta um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu (EPSEN) (2004). Aithníonn an CNOS go bhfuil 'riachtanais speisialta oideachais' a úsáid mar théarma conspóideach agus go bhfuil sé á mheas faoi láthair san athbhreithniú ar Acht EPSEN, a bhí ar bun ag tráth foilsithe na cáipéise seo. Úsáidtear teanga inscne-chuimsitheach sa cháipéis seo freisin.


© CNOS 2025

# Brollach



Déanann tacú le daltaí, teaghlaigh agus scoileanna obair na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (an CNOS) a threorú. Leag an CNOS fís amach níos luaithe i mbliana do chóras oideachais ionchuimsitheach den chéad scoth. Léirítear inár bpáipéar comhairle faoi bheartas uimhir 7, 'Oideachas Ionchuimsitheach do Shochaí Ionchuimsitheach', ár dtiomantas do thacú le scoileanna cumas gach linbh a chothú, timpeallachtaí a chothú ina gcuirimid ar chumas daltaí an rath a bhaint amach.

Cuimsítear in Relate an CNOS an tiomantas seo. Tá an acmhainn chomhaimseartha iompraíochta seo deartha chun tús áite a thabhairt do chaidreamh agus do rialú, agus é á aithint go mbunaítear an uileghabhálacht ar thuiscint agus ar cheangal. Trí thús áite a thabhairt do chaidreamh bríoch, cuirimid ar chumas oideachasóirí timpeallachtaí sábháilte agus tacúla a chruthú ina mbraitheann daltaí go bhfuil meas agus luach á léiriú orthu agus ina gcuirtear modh ar fáil dóibh foghlaim agus fás. Tá an cur chuige seo bunriachtanach leis na scileanna a fhorbairt a theastaíonn ní hamháin d'fhoghlaim agus leis an rath acadúil a bhaint amach, ach do na dúshláin níos fairsinge a thiocfaidh aníos sa saol mór.

Forbraíodh Relate an CNOS trí úsáid a bhaint as an taighde is déanaí ar chleachtais ionchuimsitheacha agus cuireann sé foghlaim ghairmiúil múinteoirí, straitéisí praiticiúla agus réimse uirlisí agus tacaíochtaí nua chun cabhrú le hoideachasóirí tacú le daltaí maidir le tuiscint agus le teagmháil. Nuair a bhraitheann daltaí go bhfuil siad á gcur san áireamh, go bhfuil siad ceangailte, agus nuair a bhraitheann siad caidreamh agus comhmhuintearas, is féidir leo fíorghníomhú agus fíorpháirt a ghlacadh ar bhealach bríoch.

Tosaíonn ár bhfís i leith sochaí ionchuimsitheach le hoideachas ionchuimsitheach, áit a mbraitheann gach dalta, gan aird ar chúinsí ar leith, muintearas agus ionchuimsiú. Cuireann Relate an CNOS ar chumas oideachasóirí tús áite a thabhairt do theagmháil, seachas do chomhlíonadh, a réitíonn an bealach do sheomraí ranga ina gcaitear le hinathraitheacht mar an riail, seachas an eisceacht.

Táimid ar bís an acmhainn luachmhar seo a roinnt agus táimid ag tnúth leis an tionchar bunathraitheach a imreoidh sé ar scoileanna agus ar phobail de réir mar a leanaimid ár n-aistear i dtreo todhchaí ionchuimsitheach do chách.

**John Kearney**
*Príomhoifigeach Feidhmiúcháin*


© CNOS 2025

# Réamhrá



Acmhainn atá in *Relate* an CNOS chun tacú le foireann scoile agus iompraíocht a athshamhlú. Cuirtear caidrimh i gceartlár na múinteoireachta agus na foghlama in Relate, agus leagtar béim ann ar thuiscint agus ar cheangal. Glactar cur chuige 'tús áite don rialú' san acmhainn, a chiallaíonn go bhfuil páirt lárnach ag caidrimh, an timpeallacht, agus an duine aonair maidir le tacaíocht. Aistrítear an díriú in Relate ón méid atá ag tarlú go dtí an fáth go bhfuil sé ag tarlú agus cuirtear tacaíocht i bhfeidhm agus baintear na bacainní atá roimhe sin.

Is é is oideolaíocht ann obair mhúinteoirí agus tacaíonn Relate le hiompraíocht ó pheirspictíocht oideolaíochta, ina n-aithnítear an ról a ghlacann oideolaíocht chaidreamhach sa mhúinteoireacht agus san fhoghlaim ar fud na scoile agus an tábhacht a bhaineann le cur chuige spraíúil do dhaoine ar gach aois. Tá spraíúlacht báúil i leith láidreachtaí agus ábhair spéise daltaí agus tuigtear léi an sonas ata i múinteoireacht agus i bhfoghlaim. Fiosraímid in Relate conas a laghdaítear strusairí agus a mhaolaítear tráthanna teannais trí chur chuige spraíúil agus caidreamhach.

Tá dearadh uilíoch don fhoghlaim fite fuaite sna gnéithe tacaíochta in Relate agus tuigtear leis gur minic nach mbainfidh mórán daoine nó duine ar bith tairbhe as rudaí a d'fhéadfadh a bheith bunriachtanach do dhalta amháin. Tuigimid nach bhfuil an bhacainn sa dalta féin, is sa timpeallacht atá an bhacainn agus ní foláir dúinn obair leis an mbacainn sin a nochtadh agus a laghdú don dalta. D'fhéadfadh bacainní neamhbheartaithe a bheith sa timpeallacht foghlama agus is é ár ról iad a aimsiú agus a bhaint, pé áit ar féidir. Is minic nach dtugtar tacaíocht d'iompraíocht ar bhonn aonair ach ar feadh tréimhse ghearr mar gheall ar chineál thimpeallacht na scoile. Beidh tacaíocht a thabhairt ar fud na scoile ar bhealach ina léirítear inathraitheacht phobal na scoile níos comhsheasmhaí agus níos fadálaí. Is féidir le Féinmheasúnú Scoile (SSE) tacú le próiseas comhoibritheach, athmhachnaimh agus ionchuimsitheach an athbhreithnithe ar fud na scoile le cleachtais ionchuimsitheacha ar fud na scoile a bhaint amach.

I measc na ndaoine a chuireann le Relate an CNOS, tá múinteoirí, teiripeoirí urlabhra agus teanga, teiripeoirí saothair agus comhairleoirí an CNOS a speisialaíonn in iompraíocht, uathachas agus tacaíocht curaclaim, a ndéanann roinnt díobh ionadaíocht do pheirspictíochtaí néara-éagsúla. Scríobh oideachasóirí an acmhainn seo d'oideachasóirí agus tá sé beartaithe anseo fráma a sholáthar a bheidh ag teacht le scileanna, agus eolas, atá sealbhaithe ag an oide cheana féin. Dearadh an Uirlis Socraithe Spriocanna atá Dírithe ar Réiteach go sonrach chun tacú leis an bhfoireann an dea-chleachtas a aithint atá ag titim amach cheana féin agus an chéad chéim eile le cur leis a chur san áireamh.

Acmhainn Foghlama Gairmiúla Múinteoirí (FGL) é Relate an CNOS agus tacaítear léi trí sheimineáir an CNOS agus úsáideann foireann an CNOS í chun tacú le scoileanna. Cáipéis bheo í agus déanfar an leagan ar líne de a nuashonrú go tréimhsiúil. Tuigimid gur pobail ghnóthacha iad pobail scoileanna agus cuirfear tacaíochtaí leanúnacha ar fáil do scoileanna le páirt a ghlacadh in Relate, agus cuirfear seisiúin túseolais agus deiseanna leanúnacha FGM ar fáil chun tacú le scoileanna faoi mar a theastaíonn.

Ba mhaith leis an CNOS ár mbuíochas ó chroí a chur in iúl don iomaí páirtí leasmhara a sholáthair comhairliúchán maidir le Relate agus ar a phrionsabail, a ghnéithe tacaíochta agus ar na hacmhainní ar leith atá ann. Chuir daltaí, ceannairí scoile, múinteoirí agus CRSanna go mór agus go luachmhar leis na prionsabail, na gnéithe tacaíochta agus na huirlisí agus bhain siad triail astu d'fhonn iad a fheabhsú do gach duine eile. Go raibh maith agaibh ar fad.

**Sharon Healy**
*Saincheannasaí Iompraíochta don Fhoghlaim agus don Fholláine*





© CNOS 2025

# Fís do Chuir Chuige Ionchuimsitheacha agus Chaidreamhacha

| Ag aistriú ó: | Ag bogadh i dtreo: |
|---|---|
| Caitheamh leis an iompraíocht mar rud éigin atá le bainistiú | An iompraíocht a aithint mar chumarsáid agus obair chun dul i ngleic le riachtanais nár freastalaíodh orthu |
| Hipitéis a thabhairt faoi fheidhmeanna na hiompraíochta | Strusairí a aithint agus tionchar na timpeallachta a thuiscint |
| Brath ar neartú trí chúiteamh | Spreagadh intreach a bhaint amach trí bhacainní a laghdú |
| Iompraíocht a athrú | An timpeallacht a athrú le folláine a mhéadú |
| Sonraí a bhailiú ar 'cad atá ag tarlú' le tosca cosúil le déine agus fad | Sonraí a bhailiú ar 'cén fáth go bhfuil sé ag tarlú', strusairí agus rudaí a tharlaíonn sa lá a scrúdú |
| An fhadhb a aimsiú | Ceannaireacht a dhéanamh le láidreachtaí agus a bheith dírithe ar réiteach i gcónaí |
| Díriú ar cathain a thiteann iompraíocht amach | Díriú ar cathain nach dtiteann siad amach agus ar an méid a n-éiríonn leis ag an tráth sin |
| Comhlíonadh | Ceangal |
| Rudaí a dhéanamh 'ar' nó 'do' dhaltaí | Rudaí a dhéanamh 'le' daltaí |
| Ag tosú le hidirghabháil aonair | Athrú a dhéanamh ar bhonn scoile uile atá comhsheasmhach agus soláimhsithe san fhadtéarma |


© CNOS 2025

# Conas Relate an CNOS a Úsáid

Acmhainn ar líne, go príomha, é Relate an CNOS. Má tá leagan clóite den acmhainn á húsáid agat, tabhair cuairt ar an leagan ar líne chun teacht ar fheidhmiúlacht agus rochtain iomlán ar naisc, ar fhíseáin agus ar phodchraoltaí. Scan an cód mearfhreagartha, mar rogha air sin, chun teacht ar na hacmhainní luaite go léir ar Padlet.

Padlet

Tiocfaidh tú ag an dara cód mearfhreagartha ar sheinnliosta Spotify a luaitear a chláir phodchraolta ar fud Relate.


Spotify

Tosaítear an aithris le hocht mbunphrionsabal, agus spreagtar múinteoirí na prionsabail seo a chur san áireamh agus machnamh a dhéanamh ar a gcleachtas féin trí úsáid a bhaint as na hacmhainní, an t-ábhar léitheoireachta agus na físeáin a ghabhann leo. Tá na prionsabail ar leith ó na sé ghné mar gheall go mbíonn siad mar bhonn faoi gach gnéith.

Cuirtear Caidreamh i láthair, i ndiaidh na bprionsabal, i sé ghné le cleachtas a threorú de réir mar a fhreagraíonn scoileanna d'inathraitheacht daltaí. Treoróidh an creat do chleachtas, le himeacht ama, go mbeidh sé níos réamhghníomhaí seachas níos freagrúla.

Tá roinnt acmhainní áisiúla sna haguisíní. Is féidir iad seo a chur i gcló nó a líonadh go digiteach. Is féidir leo a bheith mar chuid de chomhad tacaíochta dalta chun go dtacóidh siad le cleachtas comhoibritheach agus le haistrithe chuig múinteoirí bainteacha eile.

Cuirtear ceisteanna athmhachnamhacha ar fud na hacmhainne agus is féidir iad seo a fhreagairt ar bhealach ar bith a n-éiríonn leis don úsáideoir: dialann, glórnótaí, aip nótaí ar ghuthán etc. Tá uirlis athmhachnamhach inchlóite ann sna haguisíní freisin. Úsáid iad duit féin, mar ábhair phlé le comhghleacaí nó ag cruinniú foirne mar ábhar machnaimh don fhoireann iomlán. Beidh do chuid ábhair mhachnaimh áisiúil má fhreastalaíonn tú ar sheimineár Foghlama Gairmiúla Múinteoirí nó má tá tacaíocht Sheirbhís Chomhairleach an CNOS á lorg agat.










© CNOS 2025

# Comhthéacs Oideachais

Dearadh Relate an CNOS go gcuirfidh sé le foilseacháin eile an CNOS agus na Roinne Oideachais, agus le hacmhainní ó chóras oideachais na hÉireann. Tá sé solúbtha ó thaobh dearaidh agus is féidir é a úsáid ag gach céim den Chontanam Tacaíochta le cuir chuige uilíocha a chur i bhfeidhm a théann chun tairbhe gach duine nó chun tacú le dalta aonair. D'fhéadfadh uirlisí nó acmhainní a bheith ag foilseacháin eile a thacóidh le daltaí laistigh de ghnéithe an chreata. Féach na foilseacháin thíos, a mbaineann gach ceann díobh leis an gcreat seo.






























# Conas mar a oireann Relate an CNOS don phleanáil do dhuine aonair nó do ghrúpa daltaí?

**SUPPORT PLAN***

*Classroom Support*
*School Support (Support for SOME)*
*School Support Plus (Support for A FEW)*

**To be completed by the teacher(s).**
For help, see *SEN: A Continuum of Support - Guidelines for Teachers: BESD: A Continuum of Support – Guidelines for Teachers* pp.71-74; *A Continuum of Support for Post-Primary Schools, Resource Pack for Teachers,* pp. 51, 53, 54, 57.

| | | | |
|---|---|---|---|
| Student's name | | Age | |
| Lead teacher | | Class/year | |
| Start date of plan | | | |
| Review date of plan | | | |
| Student's strengths and interests | | | |
| Priority concerns | | | |
| Possible reasons for concerns | | | |
| Targets for the student | | | |
| Strategies to help the student achieve the targets | | | |
| Staff involved and resources needed | | | |
| Signature of parent(s)/ guardian(s) | | | |
| Signature of teacher | | | |

*A consultation with a NEPS psychologist/ other professionals may contribute to this plan.

**Cuirfear an uirlis Aithne a Chur Orm ar an eolas thú ar láidreachtaí an dalta agus ar na buarthaí is mó atá orthu. Áireofar leis éisteacht leis an dalta, lena dtuismitheoirí agus leis an iarfhoireann tacaíochta.**

**Strusairí a Aithint agus a Laghdú.**

**Cabhróidh an uirlis le haghaidh Leagain Amach Spriocanna atá Dírithe ar Réiteach le cinneadh a dhéanamh faoi spriocanna leis an dalta.**

**Cuirtear strusairí a laghdú, straitéisí agus cuir chuige ó limistéir i measc na 6 Ghné san áireamh anseo.**


© CNOS 2025

# Oideolaíocht


Tugtar chun solais sa treoir 'Ullmhúchán don Teagasc agus don Fhoghlaim' eolas ar an oideolaíocht mar cheann de thrí ghallán ullmhúcháin don teagasc agus don fhoghlaim, anuas ar eolas ar na páistí agus a gcuid réamhfhoghlama agus eolas ar an gcuraclam. Luaitear ann "Múnlaíonn an oideolaíocht gníomhaíochtaí, focail agus breithiúnais mhúinteoirí." (Rialtas na hÉireann, 2021, lch 9) agus léirítear ann cineál na hoideolaíochta atá ag teacht chun cinn, a dtugtar tacaíocht bhreise dó i gcleachtas athmhachnaimh múinteoirí.

Is é is mó a bhaineann le hoideolaíocht ná modhanna agus cleachtais mhúinteoirí. Mar acmhainn phraiticiúil scoile, tá Relate an CNOS fréamhaithe san oideolaíocht. Ní gá don tacaíocht a thugtar d'iompraíocht dhearfach a bheith scartha ón gcuraclam agus ón teagasc agus ón bhfoghlaim laethúil, ní mór di a bheith mar chuid díobh, i bhfírinne, chun go mbeidh sí ar an tacaíocht is éifeachtaí. Cuireann múinteoirí go leor tionchair oideolaíocha i ngníomh agus díreoimid anseo ar dhá cheann a thacaíonn go tréan le hiompraíocht dhearfach i scoileanna.

## Oideolaíocht Chaidreamhach

Cuirtear caidreamh i gceartlár na múinteoireachta agus na foghlama in oideolaíocht chaidreamhach.

Cuireann caidrimh agus teagmháil tosca láidre cosanta ar fáil do gach dalta. Tá siad tábhachtach a dhóthain le bheith mar chuid d'oideolaíocht an lae scoile. Laistigh de Relate an CNOS, soláthrófar treoir agus straitéisí praiticiúla i dtreo cur chuige caidreamhach oideolaíochta sa seomra ranga i nGné an Chaidrimh, acmhainn PACE agus sa phrionsabal Meas Dearfach Neamhchoinníollach.



## Oideolaíocht Spraíúil

Rinneadh cur síos ar oideolaíocht spraíúil mar chur chuige múinteoireachta ina bhfuil gnéithe spraíúla faoi stiúir an linbh chomh maith le méid áirithe de threoir ó dhaoine fásta agus cuspóirí foghlama lena dtacaítear (Weisberg, Hirsh-Pasek agus Golinkoff, 2013). Is féidir le hoideolaíocht spraíúil a spreagtar i rith an lae scoile daltaí a rialú, caidreamh dearfach a chur chun cinn agus foghlaimeoirí a spreagadh chun gnímh. Sainaithníonn daltaí an súgradh ar bhonn contanam súgartha-oibre trí leideanna timpeallachta, cosúil le láthair na gníomhaíochta agus daoine fásta a bheith i láthair, agus trí leideanna mothúchánacha, cosúil lena rogha leibhéil agus cineál saorálach na gníomhaíochta. Léiríodh i dtaighde go mbaineann tábhacht ar leith le daoine fásta a bheith i láthair, mar gheall gur tugadh faoi deara gur éirigh níos fearr le leanaí agus go raibh iompraíocht níos fearr ar bun acu nuair a bhí duine fásta i ngar ach gan páirt á glacadh acu (McInnes, Howard, Miles agus Crowley, 2010). Ní bhíonn oideolaíocht spraíúil ar bun i suíomhanna bunscoile amháin agus sa bhealach a chuirtear ceacht i láthair, cuirfidh gnéithe na rogha agus na deiseanna a chuirtear san áireamh do ghluaiseacht agus do ghníomhaíocht le hoideolaíocht spraíúil. Laistigh de *Relate* an CNOS, soláthrófar treoir agus straitéisí praiticiúla i dtreo cur chuige oideolaíochta spraíúil sa seomra ranga i bprionsabal an Dearaidh Uilíoch don Fhoghlaim, PACE agus in acmhainní Neart an tSúgartha.




 © CNOS 2025

## Gníomhú i measc Múinteoirí agus Eolas ar an Oideolaíocht

Is éard a bhaineann le gníomhú i measc múinteoirí ná rogha agus solúbthacht agus cuireann sé ar chumas múinteoirí príomhchinntí a dhéanamh faoin múinteoireacht agus faoin bhfoghlaim ina gcomhthéacs agus ar mhaithe le sárleas an dalta. Úsáideann múinteoirí a n-eolas ar an dalta, ar an gcuraclam agus ar an oideolaíocht le cinntí a dhéanamh faoi na rudaí a fhoghlaimíonn a ndaltaí agus faoin ord agus faoin luas ar a bhfoghlaimíonn siad.

Buntacaíonn teoiric Vygotsky, Crios na Forbartha Neasaí (CFN) le go leor cuir chuige oideolaíochta. Is é an CFN an difríocht idir leibhéal forbartha féin an fhoghlaimeora agus forbairt fhéideartha an fhoghlaimeora nuair a chomhoibríonn siad le duine eile atá níos eolaí.

Is féidir le múinteoirí, mar an duine eile níos eolaí, an fhoghlaim a threorú agus tacú léi trí shamhaltú, smaoineamh os ard, leanaí agus daoine óga a cheistiú nó a threorú chun triail a bhaint as smaointe nua (Loizou agus Loizou, 2022). Cé go gcuirtear ord ar ghníomhaíochtaí agus ar thascanna foghlama lena cheadú dul chun cinn de réir a chéile a dhéanamh, cuirtear rannpháirtíocht agus idirchaidreamh daltaí chun cinn. Is fearr a thacaíonn an cur in ord seo freisin leis an dalta a dtuiscint féin a bhaint as foghlaim nua, chun gur féidir leis an dalta an fhoghlaim seo a úsáid go neamhspleách, faoina stuaim féin agus le féin-éifeachtúlacht.





 © CNOS 2025

# Prionsabail


Buntacaíonn gach gné den chreat leis na prionsabail seo a leanas. Ba cheart iad a chur san áireamh i ngach gníomh. Tugtar léargas ginearálta sa mhír seo a leanas ar gach prionsabal chomh maith le léitheoireacht agus ábhair bhreise lena bhfiosrú.




Ceartabhunaithe




Guth na nDaltaí




Tús Áite do Rialú




Néaraidhearfach




Folláine Foirne agus Daltaí



Meas Dearfach Neamhchoinníollach




Dírithe ar Réiteach



Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim

 © CNOS 2025




# Bunaithe ar Chearta

Tá an acmhainn seo bunaithe ar chearta na ndaltaí go léir. Caithfear tús áite a thabhairt do leasanna is fearr an linbh i ngach gníomh a bhaineann le leanaí. Buntacaítear i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh agus i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (Airteagal 7 – Leanaí faoi mhíchumas) le gach prionsabal, gné agus cur chuige sa cháipéis seo.


## Léitheoireacht agus acmhainní breise

- Bille na gCeart Cumarsáide
- Leagan den UNCRC a thacaíonn le leanaí
- Scéal sóisialta ar an UNCRC
- Uirlis Féinmheasúnaithe ó UNICEF
- Ábhair bhreisoideachais do mhúinteoirí
- Físeán ina mínítear an UNCRC do dhaltaí níos óige
- Sraith 10 gcuid ar chearta leanaí




Ombudsman for Children


© CNOS 2025




# Guth na nDaltaí

Tá ceart ag scoláirí a ndearcthaí, a mothúcháin agus a mianta a chur in iúl maidir le gach rud a dhéanann difear dóibh. Tá an ceart seo bunúsach, ar an ábhar sin, maidir leis na gníomhartha go léir a dhéantar maidir le daltaí. Tá an ceart sin ag daltaí aonair *agus* ag grúpaí daltaí.

Is é an rud is mó ar a ndíríonn guth na ndaltaí gurb eol do dhaltaí na rudaí a bhfuil agus nach bhfuil ag éirí leo ina seomraí ranga agus ina scoileanna, agus tá an fhreagracht ar dhuine ar bith, ar an ábhar sin, ar mian leo eispéiris oideachais daltaí a fheabhsú chun freastal ar a bpeirspictíochtaí, a smaointe a lorg, agus caitheamh lena n-aiseolas go dáiríre.

Tugtar chun solais in Airteagal 12 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh (UNCRC) (na Náisiúin Aontaithe, 1989) go bhfuil an ceart ag leanaí go gcuirtear a dtuairimí san áireamh, go léirítear meas ar a ndearcthaí i gcinnteoireacht a imríonn tionchar orthu, agus go dtugtar an tromachar cuí dóibh i gcomhréir lena n-aois agus lena n-aibíocht. Leagtar an bhéim go soiléir sa taighde go n-imrítear tionchar dearfach ar fhéinmheas agus ar mhuinín leanaí trí thús áite a thabhairt do rannpháirtíocht leanaí agus go gcuirtear a bhforbairt, a stuaim féin, a neamhspleáchas, a n-inniúlacht shóisialta agus a dteacht aniar trí chéile chun cinn (Harmon 2021; an CNCM 2020; Ring *et al*., 2018).

D’fhorbair an tOllamh Laura Lundy Samhail Lundy leis na gnéithe ar leith a choincheapú a bhíonn i gceist nuair a thacaítear le rannpháirtíocht daltaí.




(HUB na nÓg)

**Spás:** Tosaítear le céim thosaigh Shamhail Rannpháirtíochta Lundy le spás sábháilte agus ionchuimsitheach a chruthú do gach leanbh lena ndearcthaí (a gcuid tuairimí) a chur in iúl. Tá an spás siúd ina réamhriachtanas do leanaí lena ndearcthaí a chur in iúl, gan eagla a bheith ar achasán agus ar dhíoltas (Lundy 2007). Ní spás fisiciúil amháin é an spás seo ach is spás é inar féidir éisteacht le guth agus gan é sin a bheith ar bhealach nach bhfuil ciall ná réasún leis.

**Guth:** Ní chuireann duine ar bith iad féin in iúl ar an mbealach céanna agus a luaithe a bunaítear spás sábháilte (Lundy 2007) is féidir le daoine fásta deiseanna a fhorbairt do dhaoine óga le hiad féin a léiriú agus an glór (guth) ciúin san áireamh (Harmon 2021).

**Lucht Éisteachta:** Tá an ceart ag leanaí lucht éisteachta a bheith acu agus ba cheart go mbeidís siúd a éisteann le glór (guth) an linbh in ann athruithe a bhaint amach (Lundy 2007).

**Tionchair a Imirt:** Cuireann éisteacht chuspóireach ar chumas daoine fásta a bheith oscailte don mhéid a chuirtear in iúl agus, nuair is cuí, gníomhú ar mhaithe leis an leanbh. Leagann Lundy (2007) an bhéim a thábhachtaí atá sé gurb eol do leanaí agus go mbraitheann siad go n-imríonn a nglór (nguth) tionchar agus go léirítear meas air. Cuirfidh sé seo cultúr chun cinn ina léirítear meas ar ghuth.


© CNOS 2025

## Straitéisí praiticiúla le guth na ndaltaí a chur i ngníomh:

Smaointe ar conas guth na ndaltaí a bhailiú (cuir Samhail Lundy i bhfeidhm nuair atá aon cheann de na cuir chuige seo á n-úsáid lena chinntiú gur eispéireas fiúntach é do dhaltaí)

- Straitéis 5 mhéar Ross Greene




- Scálaí Likert



- Ag bogadh i dtreo roghanna – féachaint sna súile nó dalta ag siúil, e.g. cispheil ag taobh amháin den seomra agus peil ar an taobh eile
- Boscaí moltaí
- **An Uirlis Aithne a Chur Orm**: Idirchaidreamh a dhéanamh leis an bhfoireann, tuismitheoirí agus daltaí lena chinntiú go gcloistear guth na ndaltaí
- Cruthaigh **próifíl chinnteoireachta**
- Rudaí a scríobh – go leor bealaí iolracha a sholáthar don dalta é seo a dhéanamh, teimpléid san áireamh
- Pictiúr a tharraingt
- Físeán nó grianghraif a úsáid
- Gothaí agus gothaí gnúise (nuair is soiléir trí mholtaí an dalta conas ba cheart iad seo a thuiscint)
- Trí úsáid a bhaint as ábhair amhairc (cosúil le **The Blob Tree**)

Féach ar an bhfíseán ar Padlet lena fheiceáil conas a úsáideann Pobalscoil Naomh Aodáin i dTamhlacht, Baile Átha Cliath a 'Tionscadal Spotsolais' ('Spotlite Project') (Peirspictíocht na nDaltaí ar an Múinteoireacht agus an Fhoghlaim sa Spás Oideachais) le guth na ndaltaí a spreagadh agus gníomhú ina leith ina scoil.

## Léitheoireacht agus acmhainní breise

**Acmhainní Rannpháirtíochta Ghuth na nDaltaí de chuid Mhol na nÓg**

**Treoirlínte UNICEF maidir le Comhairle Daltaí a Bhunú**

**Leaganacha de Bheartais a Thacaíonn le Leanaí a Chruthú**

**Tionscadal Taighde ar Ghuth na bhFoghlaimeoirí**


**Treoir Phraiticiúil maidir le Leanaí agus Daoine Óga is Annamh a Chloistear sa Chinnteoireacht**

**Sraith Straitéisí Rannpháirtíochta Leanaí agus Daoine Óga Tusla**

### FGM an CNOS

Tionscadal an Spotsolais


© CNOS 2025



# Tús Áite do Rialú

## Cad é Féinrialú?


Scil feidhmithe ardleibhéil casta é féinrialú. Is é an sainmhíniú a thugtar air ná an cumas do leibhéil fuinnimh, mothúcháin, aird, agus iompraíocht a bhainistiú. Tacaíonn féinrialú leat tabhairt faoin bhfoghlaim, caidreamh maith a bhunú agus a chothú agus folláine a chothú (Shanker, 2010).

Is féidir linn an méid seo a leanas a dhéanamh nuair atáimid rialaithe:

- díriú ar an tasc idir lámha
- an leibhéal cuí fuinnimh a bheith againn don timpeallacht agus don tasc
- mothúcháin a bhainistiú
- mothú socair a chothú
- fanacht lenár mbabhta

Braitheann an bealach a thuigimid agus a bhainimid taithí as aon tráth ar leith ar ár staid reatha rialaithe. Imríonn sé tionchair ar ár gcumas páirt a ghlacadh agus idirchaidreamh a dhéanamh leis an domhan timpeall orainn. Is féidir le timpeallacht na scoile agus an tseomra ranga, daoine sa tseomra, an bealach cumarsáide agus na heispéiris foghlama tionchar a imirt ar rialú.

## Céimeanna Rialaithe




## Cad is Comhrialú ann?

Cumas forbartha é an cumas 'Féinrialú', ní scil é a bhíonn againn nuair a shaolaítear sinn. Ní thagann forbairt iomlán ar an gcuid sin den inchinn ina dtiteann féinrialú amach go dtí go mbímid thart ar 25 bliain d'aois, agus leanfaidh daltaí ag gach céim dá n-aistear oideachais le leibhéal áirithe de thacaíocht rialaithe a bheith ag teastáil uathu ó na daoine fásta ina dtimpeallachtaí.

Tá sé tábhachtach go mbíonn súil againn le rudaí réalaíocha ónár ndaltaí maidir lena rialú. Tá orainn ár ndíriú a aistriú ó dhaltaí 'a mhúineadh' go mbeidh siad 'neamhspleách san fhéinrialú' i dtreo na ndaoine fásta a dhíríonn ar a bheith ina gcomhrialálaithe gníomhacha agus beartaithe.


Tá comhrialú ar cheann de na chéad phróisis foghlama conas féinrialú a dhéanamh. Teastaíonn ó chomhrialú go dtugann múinteoirí aird dhlúth ar na leideanna a thugann daltaí agus freagairt go comhsheasmhach agus go híogair chun go ndéanann daltaí a smaointe, a mothúcháin agus a n-iompraíocht a thuiscint, a léiriú agus a mhodhnú (Gillespie, 2015). Is éard a bhíonn mar thoradh air seo ná gur féidir le daltaí a bheith i láthair laistigh dár dtimpeallacht agus go mbíonn siad réidh páirt a ghlacadh agus foghlaim.

 © CNOS 2025

## An Duine Fásta mar Chomhrialálaí

Titeann comhrialú amach nuair is féidir le duine amháin braistint sábháilteachta, iontaoibhe agus chompoird a chur in iúl do dhuine eile (Murray *et al*., 2015, 14). Déantar seo trína bheith iontaofa agus i láthair. Is mó a thiteann comhrialú amach tríd an mbealach a úsáidimid ár gcumarsáid neamhbhriathartha, cosúil lenár ngotha gnúise, ton ár nglóir, gothaí agus comharthaíocht choirp (Cameron-Whiting agus Tekell, 2021). Déanann ár néarchórais scanadh do leideanna sábháilteachta agus baoil laistigh dár dtimpeallacht, gan fiú sinn a bheith ar an eolas air seo tarlú. Tugtar néaraghabhdóireacht (neuroception) air seo (Dana, 2019).

Tá sé ríthábhachtach, ar an ábhar sin, ár ról a aithint mar chomhrialálaithe agus an neart atá ag caidreamh dearfach lenár ndaltaí chun go mbraitheann siad sábháilte agus rialaithe. **Is iad na daoine fásta sa seomra an uirlis rialaithe agus timpeallachta is luachmhaire.**




Cosúil le formhór na scileanna a fhoghlaim, teastaíonn léiriú, samhaltú, maoirseacht agus cleachtadh ó fhoghlaim conas rialú a dhéanamh.

Is féidir leis na daoine fásta é seo a dhéanamh ar na bealaí seo a leanas:



- a bheith aireach ar a rialú féin
- timpeallacht foghlama intuartha a chruthú
- caidreamh dearfach a bhunú le daltaí
- a straitéisí féin rialaithe a shamhaltú
- deis a sholáthar do rogha agus d'athmhachnamh a dhéanamh ar straitéisí rialaithe
- riachtanais rialaithe daltaí a thuiscint
- a aithint nuair a d'fhéadfadh am agus spás a bheith ag teastáil ó dhalta

Trí am a chaitheamh ar an gcleachtas bunúsach seo, is dóchúla go leanfaidh daltaí de bheith á rialú níos faide. Nuair a bhíonn siad á rialú, is mó deiseanna a bhíonn ann chun scileanna réamhghníomhacha agus dearfacha a fhorbairt d'amanna ina bhféadfadh straitéisí féinrialaithe a bheith ag teastáil.

Le bheith inár gcomhrialálaithe éifeachtacha, tá orainn aire a thabhairt dár bhfolláine agus dár rialú féin i dtosach.

> ***Caithfidh ár néarchóras a bheith á rialú sular féidir linn duine eile a rialú.***

## Iompraíocht a Athshamhlú mar Mhírialú

Is féidir leis an méid struis atá orainn tionchar a imirt ar ár gcumas féinrialú a dhéanamh. Is féidir a mheas gurb ionann strus agus ualaí breise. Déanann Stuart Shanker (2012) na strusairí seo a chatagóiriú isteach in 5 fhearann (bitheolaíoch, mothúchánach, cognaíoch, sóisialta agus próshóisialta). Tacaíonn sé linn nuair a chuirtear na strusairí seo san áireamh chun iompraíocht a athshamhlú mar fhreagairt do strus, seachas mar 'mí-iompraíocht'. Is minic go mbíonn iompraíocht ina freagairt don leibhéal struis atá ar dhuine. D'fhéadfadh go ndéanfadh duine 'an cloigeann a chailleadh' mar thoradh air seo (an Dr Dan Siegel) nó, i bhfriotal eile, go mbíonn freagairt 'troid nó teitheadh' acu don strus.


© CNOS 2025

Titeann mírialú amach nuair a éiríonn an méid struis atá ar dhalta chomh mór sin nach féidir leo é a láimhseáil. Cuireann mírialú teorainn ar chumas dalta a bheith 'ullamh' i gcónaí chun páirt a ghlacadh in aon ghné den suíomh oideachais, agus laghdaíonn sé a gcumas ceangal a dhéanamh le daoine eile (Cameron-Whiting et. al., 2021).

Is féidir le hiompraíocht daltaí a athshamhlú mar fhreagairt don strus nó mar chomhartha mírialaithe, tacú leat an méid a mbíonn súil agat leis ón dalta a aistriú. In ionad díriú ar stop a chur lena n-iompraíocht agus idirghabháil fhrithghníomhach a úsáid, is féidir le glacadh leis an meon seo ár ndíriú a aistriú chuig an timpeallacht foghlama agus ár ról chun tacú leis an dalta. Is féidir leat na bearta réamhghníomhacha a chur san áireamh atá le cur i bhfeidhm ansin, ina ionad sin.

D'fhéadfadh an méid seo a leanas a bheith i gceist leis sin:




* Féach Gné an tSeomra Ranga chun teacht ar leideanna agus ar acmhainní le timpeallacht seomra ranga a chruthú ina ndéantar rialú ar na daltaí, ina laghdaítear bacainní lena chur ar a gcumas an rath a bhaint amach ina bhfoghlaim.

Acmhainní breise:

- **Físeán Relate an CNOS: An Cloigeann a Chailleadh (Flipping the Lid)**
- **Comhrialú d'Ógánaigh**
- **Féinrialú do Scoláirí: Treoir d'fhoirne scoile (Iar-Bhunscoileanna)**
- **Mona Delahook – Teoiric Polyvagal**
- **An Dr Bruce Perry: Tú Féin agus do Sheomra Ranga a Rialú**
- **Straitéisí Análaithe agus Gluaiseachta 'Every Moment Counts'**
- *The Kids Guide to Staying Awesome and In Control* le Lauren Brukner
- **Podchraoladh Stuart Shanker: The Self Reg Show**
- Féach **oiliúint an NEPS** ar Chur Chuige atá bunaithe ar Thráma a Thabhairt Isteach: **Gné an Struis – an Chothromaíocht Cheart a Bhaint Amach**

## FGM an CNOS

Iompraíocht Dhearfach a Chur chun Cinn

Iompraíocht a Thuiscint

Bealaí chun Coisc

Rialú Mothúchánach agus Cur chun Cinn ar Iompraíocht Dhearfach

## Iompraíocht a Athshamhlú trí Strusairí a Aithint agus a Laghdú

Is iad 'strusairí' na hualaí breise a bhíonn orainn go léir ó lá go lá a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar ár rialú.

D'fhéadfadh roinnt de na strusairí seo a bheith inmheánach, mar shampla, mothúchán fisiciúil (e.g. ocras) nó mothú mothúchánach (e.g. cantal) nó d'fhéadfadh strusairí seachtracha a bheith ag titim amach timpeall ar dhuine (e.g. seomra léitheoireachta glórach). Tá acmhainn éagsúil ag gach duine ar strusairí éagsúla agus is éagsúil atá acmhainn gach duine ar strusairí a bhainistiú, ag brath ar cén ualaí struis atá á mbainistiú cheana féin.



Má bhíonn strus atá ag dul i méid ina ualach iomarcach ar dhuine, is deacra iad a bhainistiú agus ní bhíonn an acmhainn chéanna againn ar rud a d'fhéadfadh a bheith ina strusaire beag. Má bhainimid pointe amach nach féidir linn déileáil le haon strusairí eile, d'fhéadfadh frithghníomh d'fhreagairt do strus teacht orainn.

Is gnách go ndéantar é seo a aicmiú in 3 chatagóir:

troid (e.g. ionsaitheacht)

teitheadh (e.g. seachaint)

stad (e.g. aistarraingt)

Nuair a bhaineann duine ceann de na freagairtí struis seo amach, taispeánann a n-inchinn agus a gcorp dúinn go bhfuil 'meon maireachtála' acu agus, ar an ábhar sin, nach féidir leo treoracha a leanúint, roghanna a dhéanamh ná foghlaim a dhéanamh.

Is tábhachtach ag an tráth seo, gur comhrialálaí é an duine fásta, a thacaíonn leis na daltaí a bhraistint sábháilte agus aistriú amach ón 'meon maireachtála'.

Is féidir é seo a bhaint amach trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- teanga a laghdú go mór
- spás pearsanta a sholáthar
- am a thabhairt don duine
- labhairt go séimh
- braistint sábháilteachta agus tuisceana a chur in iúl

Is eol dúinn gur saghas cumarsáide í an iompraíocht, ach d'fhéadfadh sé a bheith dúshlánach, amanna, a dheimhniú cad atá á chur in iúl.


Trína bheith aireach ar fhearainn na strusairí, is féidir leis cabhrú linn an iompraíocht a athshamhlú agus a bheith réamhghníomhach i dtaobh strusairí a laghdú. Trí ghlacadh leis an gcur chuige réamhghníomhach seo, is féidir leis cur le hacmhainn an dalta idirchaidreamh a dhéanamh, páirt a ghlacadh agus rialú a dhéanamh.

Beidh amanna ann inar féidir linn an iompraíocht a athshamhlú agus an strusaire a aithint, ach nach féidir linn an strusaire ar leith sin a laghdú. Dírímid sna tráthanna seo ar thacú le daltaí trí strusairí aitheanta eile a bhaint, rud a chuireann lena n-acmhainn chun bainistiú agus idirchaidreamh a dhéanamh.

Nuair atáthar ag obair le dalta a bhfuil meon maireachtála á léiriú go leanúnach acu, spreagann an Dr Stuart Shanker sinn an cheist a chur, '*Cén fáth go bhfuil an dalta seo i gceist agus cén fáth go bhfuil sé i gceist anois?*' Tacaíonn sé linn réitigh fhéideartha a chur i bhfeidhm trí léargas a fháil ar shaol an dalta agus súil a chaitheamh ar thimpeallacht na scoile agus an tseomra ranga trí dhearcadh na bhfearann thíos.

 © CNOS 2025

## Samhail Tacaíochta Relate an CNOS




## An Fearann Bitheolaíoch




Aithnítear san fhearann bitheolaíoch an ról a ghlacann an néarchóras i dtaobh leibhéil fuinnimh agus na riachtanais bhunúsacha fhiseolaíocha a rialú a theastaíonn uainn chun feidhmiú go rathúil sa saol, cosúil le sláinte fhisiciúil, codladh, cothú agus aclaíocht.

Samplaí de strusairí bitheolaíocha:

- Ocras
- Tart
- Breoiteacht
- Pian
- Droch-chodladh
- Bolaithe/Cumhrán
- Teocht
- Adhaimsir
- Soilse Geala
- Ceol Glórach
- Éadaí Míchompordacha

 © CNOS 2025

## An Fearann Cognaíoch




Dírítear san fhearann cognaíoch ar na próisis: cuimhne, aird, eolas a fháil agus a choinneáil agus réiteach faidhbe.

Samplaí de strusairí cognaíocha:

- Dúshláin léitheoireachta
- Cinntí a dhéanamh
- Próiseáil mhalla i ndomhan mear
- Foghlaim nua gan staonadh
- Iltascáil
- Cur isteach iomarcach vs. ionchais a lua go soiléir
- An iomarca eolais
- Eolas nua nach ionann é agus an méid 'is eol duit' faoi láthair
- Rud éigin nua a fhoghlaim
- Cuirtear eolas i láthair róthapa nó rómhall
- Cuimhne fheidhmiúil

## An Fearann Mothúchánach




Is féidir le dalta rialaithe, san fhearann mothúchán, monatóireacht a dhéanamh ar a bhfreagairtí d'aon mhothúchán láidir, déileáil leo agus iad a chur in oiriúint, cosúil le mothúcháin láidre sonais, fiosrachta, bhíse, frustrachais, eagla nó bhuartha.

Samplaí de strusairí mothúcháin:

- Ionadh dian, iomarca sceitimíní
- Súil a bheith le breithlaethanta nó le saoirí sa tréimhse rompu
- A bhraistint go bhfuil tú freagrach nó a bheith freagrach as daoine eile
- Gan a bhraistint sábháilte, gan a bhraistint go bhfuil fáilte romhat nó coimhthíos a bhraistint
- Eagla a bhraistint, e.g. eagla ar rud éigin nua a thriail, eagla go mór mór, cosúil le hairdí, damháin alla
- Brón a bheith ort de bharr gur cailleadh duine tábhachtach leat nó gur theip ar chaidreamh, e.g. tuismitheoirí, seantuismitheoirí, siblín, piaraí, peataí, comharsana, duine a chur i gcúram altrama
- Uaigneas a bhraistint nó a bheith thíos le coimhlint, e.g. easaontuithe, achrann le piaraí, aighneas
- A bheith thíos le díomá nó le frustrachas
- Iad féin a chur i gcomparáid le piaraí nó le daoine eile, náire nó lagmheas a bhraistint
- Imní mar gheall ar athruithe ar chúinsí teaghlaigh, e.g. bogadh tí, idirscaradh tuismitheora, siblíní nua, caidreamh nua
- Mothúcháin láidre mar gheall go bhfuil tuismitheoir nó duine muinteartha breoite, e.g. buairt, imní, ciontacht

## An Fearann Sóisialta




Aithnítear san fhearann sóisialta strusairí a imríonn tionchar ar an dalta maidir le rannpháirtíocht shóisialta.

Samplaí de strusairí sóisialta:

- A bheith i do dhuine ciúin i ndomhan glórach
- A bheith ar lár ó ghrúpa/a bhraistint gur diúltaíodh duit
- Cuma shóisialta a chur ort nuair a bhraitheann tú go bhfuil d'acmhainn shóisialta lag
- Obair laistigh de ghrúpa nuair atá ag streachailt ort ceangal leo siúd timpeall ort
- Páirt a ghlacadh in am ciorcail nó in óráidíocht phoiblí
- A bheith i suíomh nuair a bhítear ag súil leat 'mionchaint' a úsáid
- Nuair nach dtuigeann cairde nó daltaí eile sa rang thú
- Teacht le noirm éagsúla shóisialta chultúrtha
- Idirghníomhú aghaidh ar aghaidh a bhraitheann dian (d'fhéadfadh seomra an Mhúinteora Oideachais Speisialta a bheith i gceist leis seo)
- Gan aon duine a bheith agat le súgradh/caint leo ag amanna sosa
- Brú piarghrúpa ó chairde nó ó dhaltaí ranga eile



© CNOS 2025

## An Fearann Próshóisialta




Tá an fuinneamh agus na mothúcháin san fhearann próshóisialta atá ag agus ar dhaoine eile a théann i gcion orainn. Áirítear leis seo ionbhá, caidreamh a dhéanamh le daoine eile, faomhadh sóisialta agus a bheith ar nós daoine eile.

Samplaí de strusairí próshóisialta:

- Diúltú agus Bulaíocht ag Piaraí
- Coimhlint sa teaghlach
- Brú acadúil
- Strusairí cultúrtha nó socheacnamaíocha
- Teicneolaíocht dhigiteach
- Aistrithe agus athruithe
- Imeachtaí domhanda
- Éagóir
- Comhroinnt
- Tuirse

(Shanker, 2010)

## An Fearann Teanga agus Cumarsáide




Is féidir le daltaí a bhfuil riachtanais urlabhra, teanga agus chumarsáide (RUTC) acu deacrachtaí a bheith acu an méid a deir daoine eile leo a thuiscint (e.g. focail a bhfuil bríonna iolracha acu, teanga neamhlitriúil, treoracha casta ilchoda etc.) agus d'fhéadfadh deacrachtaí a bheith acu le friotal eisprisiseach (e.g. an focal ceart a aimsiú, abairtí a chur le chéile nó insint a úsáid).

Samplaí de strusairí teanga agus cumarsáide:

- Teanga (ó bhéal agus scríofa) atá ag éirí níos casta a úsáid chun teacht ar fhoghlaim agus páirt a ghlacadh inti
- An gá atá leis na mílte téarmaí nua stóir focal a fhoghlaim
- Deacrachtaí le léitheoireacht an churaclaim a thuiscint agus le réimse fairsing téacsanna a thuiscint
- Ní féidir leo an mothúchán a ainmniú agus a léiriú conas mar atá siad ag mothú
- Deacrachtaí a ngníomhartha a mhíniú go soiléir
- An Béarla a fhoghlaim mar theanga bhreise
- Gan teacht a bheith acu ar pháirtnéirí tacúla cumarsáide a úsáideann Cur Chuige Cumarsáide Iomlán
- Gan teacht a bheith acu ar chumarsáid méadaitheach agus mhalartach (AAC)
- Na scileanna teanga a bheith acu le soiléiriú a lorg go cuí murar thuig siad
- Teanga a úsáid le fadhbanna agus coimhlint le piaraí ar scoil a réiteach

(Murphy and Franklin, 2013)



© CNOS 2025

# UIRLIS STRUSAIRÍ

Is céim thábhachtach d'iompar a athshamhlú iad strusairí a aithint agus a laghdú. Tosaigh le láidreachtaí agus ábhair spéise an dalta. Ansin líon amach na strusairí féideartha a aithníonn tú trí do bhreathnóireacht féin nó an méid a d'fhoghlaim tú ón dalta, a dtuismitheoir/gcúramóir nó ó dhaoine fásta eile a thugann tacaíocht. Nuair a d'aithin tú na strusairí, déan machnamh ar conas a d'fhéadfá cuid díobh a laghdú agus aird ar láidreachtaí agus ar ábhair spéise an dalta. Ní bheidh aon tionchar agat ar roinnt díobh.

| Ainm an Dalta: | **Láidreachtaí agus Ábhair Spéise an Dalta** | Dáta: |
|---|---|---|
| | | |

| STRUSAIRÍ A AITHINT | | STRUSAIRÍ A LAGHDÚ |
|---|---|---|
| | Bitheolaíoch | |

| STRUSAIRÍ A AITHINT | | STRUSAIRÍ A LAGHDÚ |
|---|---|---|
| | Cognaíoch | |

 © CNOS 2025

STRUSAIRÍ A AITHINT




STRUSAIRÍ A LAGHDÚ

STRUSAIRÍ A AITHINT




STRUSAIRÍ A LAGHDÚ

STRUSAIRÍ A AITHINT





STRUSAIRÍ A LAGHDÚ

STRUSAIRÍ A AITHINT




STRUSAIRÍ A LAGHDÚ

# Céimeanna Tacaíochta




An méid a d'fhéadfadh a bheith á mhothú ag an dalta

An méid atá á dhéanamh ag an duine fásta

Is éagsúil a bhíonn rialú agus mírialú ó dhalta go dalta.

Cabhróidh caidreamh a fhorbairt le do dhaltaí chun tuiscint níos doimhne a fhorbairt orthu mar dhaoine aonair, agus cruthóidh sé caidreamh ina mbraitheann daltaí sábháilte.

Trí bhunsraith láidir a thógáil, beidh bearta rialaithe réamhghníomhacha níos rathúla agus beidh níos mó muiníne agat nuair a bhíonn mírialú i gceist chun freagairt dá réir.



© CNOS 2025

## An méid a d'fhéadfadh a bheith á mhothú ag an dalta:

### Cosc

Nuair atá dalta rialaithe, d'fhéadfadh go mbeadh an méid seo a leanas á mhothú acu:

- Sábháilteacht Bhraite
- Compord
- Teagmháil
- Muintearas
- Socair
- Rannpháirtíocht
- Suaimhneas
- Spreagadh
- Sonas

### Tacú

Nuair atá dalta mírialaithe, d'fhéadfadh go bhfuil siad ag freagairt don strus. D'fhéadfadh freagairt ghníomhachtaithe mhaireachtála a bheith mar thoradh air seo do dhaltaí áirithe: troid, teitheadh nó stad. An méid a d'fhéadfadh a bheith á mhothú ag an dalta seo:

- Mothúcháin an-láidre
- Strus
- Mothúcháin láidre
- Gá le teitheadh
- Easpa smachta
- Stopadh
- An gá le haistarraingt
- Athruithe ar fhreagairtí fiseolaíocha coirp (staid spreagtha, teocht an choirp, ráta croí etc.)
- Athruithe ar fheidhmiú cognaíoch (deacracht teacht ar smaointeoireacht ar leibhéal níos airde, teanga a phróiseáil)

### Athneartú

D'fhéadfadh an méid seo a leanas a bheith á mhothú ag dalta de réir mar a thosaíonn siad le haistriú isteach i staid rialaithe:

- Braistint sábháilteachta
- Staid fhiseolaíoch níos rialaithe
- Spreagadh chun idirchaidreamh a dhéanamh le hearraí, daoine, a dtimpeallacht
- Ullmhacht chun ceangal


© CNOS 2025

## An méid is féidir leis an duine fásta a dhéanamh:

### Cosc

- Déan iontaoibh a fhorbairt trína bheith comhsheasmhach, intuartha agus trí ionchais shoiléire a leagan amach
- Cuir caidreamh i gceartlár gach ruda.
- Aithin agus laghdaigh strusairí, sa chás gur féidir
- Bí ar fáil mar chomhrialálaí (déan obair ar do shuaimhneas féin)
- Úsáid PACE i do chur chuige
- Úsáid ábhair amhairc agus teanga shimplí
- Roghnaigh eispéireas céadfach a d'fhéadfadh cabhrú le rialú a dhéanamh – smaoinigh ar ghníomhaíocht shuaimhneasach nó ina mbítear ag bogadh
- Déan DUF a chleachtadh
- Cuir na daltaí san áireamh i gcinntí bríocha a dhéantar sa seomra ranga agus gníomhaigh ina leith
- Cuir deis ar fáil do dhaltaí roghanna bríocha a dhéanamh
- Glac le cuir chuige dhaltalárnacha san fhoghlaim leis an bhfoghlaim a dhéanamh níos spreagúla agus níos meallta

### Tacú

- Déan iompar an dalta a athshamhlú
- Bíodh an tuiscint agat gur saghas cumarsáide í an iompraíocht
- Meabhraigh strusairí aitheanta duit féin
- Bí aireach ar do rialú féin
- Tabhair spás agus am
- Déan do sheasamh a oiriúnú chun go bhfuil sé suaimhneasach agus neamhbhagrach
- Abair a laghad agus is féidir leat
- Seachain ceisteanna nó roghanna
- Seachain labhairt faoi chúiteamh nó iarmhairtí
- Laghdaigh rudaí a chuireann isteach ar na céadfaí – soilse geala, torainn ghlóracha etc.
- Tabhair an deis bogadh go háit éigin eile shábháilte agus chiúin nó bog na daltaí eile.

### Athneartú

- Tá '3 R' an Dr Bruce Perry á gcur i bhfeidhm againn – Rialaigh, Réitigh agus Réasúnaigh. Cabhraíonn an méid a dhéanann an duine fásta sa chéim thacaíochta leis an leanbh a rialú. Lean ort ag obair air seo sula mbogfaidh tú ar aghaidh go dtí an dá chéim seo a leanas:
    - Réitigh: úsáid teagmháil lena néarchóras a shuaimhniú. Cuir tú féin in oiriúint dá staid mhothúchánach agus aithin a mothúcháin gan lipéadú a dhéanamh.
    - Réasúnaigh: Éist leo. Bíodh comhrá neamhbhreithiúnach agat leo. Cabhraigh leo an iompraíocht 'a athshamhlú' chun fadhbréiteach a dhéanamh ar bhealach éagsúil an chéad uair eile/féachaint an bhfuil bealaí ann le strusairí a laghdú níos mó.

## Cad é an chéad rud eile?

- Smaoinigh ar athruithe is féidir a dhéanamh le fanacht sa chéim choisctheach amach anseo.
- Smaoinigh ar rún cumarsáideach na hiompraíochta.
- Cén bacainní atá sa timpeallacht, sa chumarsáid nó san fhoghlaim a d'fhéadfaí a bhaint?
- Cad a theastaíonn ón dalta chun mothúcháin a shainaithint? Smaoinigh ar mhúinteoireacht, rólimirt, samhaltú agus teacht ar ábhair amhairc le cumarsáid a dhéanamh.
- Téigh i gcomhairle leis an dalta, a dtuismitheoirí agus foireann eile atá bainteach le plean a chruthú ina liostaítear gníomhartha faoi na 3 Chéim Thacaíochta trí úsáid a bhaint as an teimpléad a chuirtear fáil lastall.




© CNOS 2025

### Léitheoireacht agus acmhainní breise

- Pléann an Dr Bruce Perry na 3 R
- Iompraíocht is Ábhair Imní a Thuiscint agus Freagairt do Chásanna Géarchéime
- Unlocking Us: Brené le Oprah Winfrey agus an Dr Bruce Perry ag caint ar Thráma, Teacht Aniar agus Leigheas

# Céimeanna Tacaíochta




Dalta

Duine Fásta

 © CNOS 2025

# Teimpléad Céimeanna Tacaíochta

**An méid a d’fhéadfadh a bheith á mhothú ag an dalta:**

| Cosc | Tacú | Athneartú |
|---|---|---|
| | | |

**An méid atá á dhéanamh ag an duine fásta:**

| Cosc | Tacú | Athneartú |
|---|---|---|
| | | |




© CNOS 2025



# Néaraidhearfach

Níl sé i gceist ag tacú le hiompraíocht an duine a athrú, go mbíonn siad mar an gcéanna le gach duine eile ná go mbíonn siad néaraitipiciúil. Léirímid meas ar agus déanaimid ceiliúradh ar éagsúlacht agus nuair a thacaítear le hiompraíocht, déantar amhlaidh i gcónaí chun tacú leis an dalta ina bhfoghlaim agus chun go n-oibreoidh siad i dtreo na rudaí is mó a bhfuil súil acu lena bhaint amach. Mar gheall gurb eol dúinn gur cumarsáid atá in iompraíocht, aithnímid an gá atá leis an dalta agus a riachtanais a thuiscint mar chuid de phróiseas réiteachdhírithe. Is ionann néardhearbhú agus caitheamh le héagsúlacht mar dheis le héisteacht, foghlaim, oiriúnú agus teacht chun cinn.

## Cad atá i gceist le bheith dearfach ó thaobh néara-éagsúlachta?

Ciallaíonn 'néara-éagsúlacht' go bhfuilimid go léir éagsúil sa bhealach a smaoinímid, a mhothaímid, agus a fhoghlaimímid, mar gheall go bpróiseálann ár n-inchinn eolas ar bhealaí éagsúla. Tá do rang iomlán éagsúil ní hamháin ó thaobh an chuma atá ort nó na rudaí a thaitníonn leat a dhéanamh, ach freisin sa bhealach a oibríonn d'inchinn agus conas smaoiníonn, a mhothaíonn, agus a fhoghlaimíonn tú." (LEANS)

Tá an cine daonna néara-éagsúil. Taitníonn rudaí éagsúla linn go léir agus tá riachtanais éagsúla againn go léir agus próiseálann gach duine dínn rudaí ar bhealaí éagsúla.

Is é néaraitipiciúil an téarma a úsáidtear amanna le cur síos a dhéanamh ar an tromlach daoine mar gheall go gceaptar go bpróiseálann siad eolas ar an gcaoi chéanna. Is gnách go mbunaítear córais agus cuir chuige agus aird ar dhaoine néaraitipiciúla.

Is é néara-éagsúil an téarma a úsáidtear amanna le cur síos a dhéanamh ar dhaoine a phróiseálann eolas ar bhealach difriúil ón tromlach. D'fhéadfaí a áireamh leis seo, ach níl sé teoranta do, daoine uathacha, daoine ar a bhfuil Neamhord Hipirghníomhaíochta an Easnaimh Airde (ADHD), daoine disléicseacha nó daoine ar a bhfuil neamhord teanga forbartha, ach ní bhraitheann sé ar dhiagnóis.

Is gnách go bhfreastalaítear ar riachtanais daoine néaraitipiciúla trí go leor córas a bhunaigh daoine ag a bhfuil a riachtanais chomhchosúla, agus d'fhéadfadh riachtanais éagsúla a bheith ag daoine néara-éagsúla nár cuireadh san áireamh Mar shampla, d'fhéadfadh go ndearnadh cinneadh faoi éide scoile do gach duine, ach, mar sin féin, d'fhéadfadh go mothaíonn roinnt daoine a chaitheann é míchompordach míchompordach agus gur deacair orthu a n-aird a dhíriú.

Ciallaíonn dearfacht i dtaobh néara-éagsúlachta go gcuirtear riachtanais gach duine san áireamh i gcinnteoireacht, a chinntíonn go léirítear meas ar gach duine agus go dtéitear i gcomhairle le daoine nach ionann agus an tromlach iad agus go dtuigtear iad.

Bealaí le bheith dearfach i dtaobh néara-éagsúlachta ar scoil:

- Meas a léiriú ar roghanna cumarsáide agus a thuiscint nach bhfuil aon stíl chumarsáide ar an gceann 'ceart'
- 'Iompraíocht' a athshamhlú agus difríocht agus éagsúlacht néaraichineálacha éagsúla a thuiscint
- Dul i gcomhairle go fairsing le daltaí sula ndéantar cinntí a imríonn tionchar orthu
- A bheith ar oscailt rudaí a dhéanamh ar bhealach éagsúil chun gur féidir leat an rath a chur ar fáil do gach dalta agus ball foirne
- Na deiseanna iontacha a thapú a chuireann difríocht agus inathraitheacht ar fáil do phobal na scoile
- A chinntiú nach gcuirtear tacaíocht ar fáil i bhfoirm idirghabháil atá bunaithe ar chomhlíonadh, go bhfuil daltaí agus tuismitheoirí/cúramóirí mar chuid de phróiseas pleanála an mhúinteora oideachais speisialta (MOS) agus nach leagtar spriocanna amach ar bhealach a lorgaíonn an dalta a athrú
- A chinntiú go bhfuil an deis ag gach dalta an rath a bhaint amach i ngach gníomhaíocht



© CNOS 2025


## Acmhainní agus léitheoireacht bhreise





**NEST** Is sraith ábhar saor in aisce é NEST (Sraith Straitéisí Piarthacaíochta Néara-éagsúla) chun piarthacaíocht a éascú do dhaoine óga néara-éagsúla in iar-bhunscoileanna príomhshrutha.

**LEANS**: Is clár saor in aisce é seo le tús eolais a thabhairt do dhaltaí 8-11 bhliain i mbunscoileanna príomhshrutha ar choincheap na néara-éagsúlachta agus ar conas a imríonn sé tionchar ar ár n-eispéiris ar scoil.




Dhá leabhar iad *Frankie's World* agus *Finding My Voice* Voice faoin néara-éagsúlacht agus an t-eispéireas uathach leis an údar agus an maisitheoir uathach, Aoife Dooley.




*Wonderfully Wired Brains*
le Louise Gooding

**Alt ó Chumann Síceolaíochta na Breataine:**
**'Neurodiversity affirmative education: why and how?'**

**Ionad Uathachais Choillidh Chanannáin le Sue Fletcher Watson**

**Neuro-affirmation in the Classroom le Sue Fletcher Watson**

**An Irish School's Neuro-affirmative Approach to Uniform**


### FGM an CNOS

Tús Eolais ar Uathachas

Difríochtaí Sóisialta a Thuiscint – Cur Chuige Néaraidhearfach



© CNOS 2025




# Dírithe ar Réiteach

Cur chuige atá dírithe ar athrú é Cleachtas Dírithe ar Réiteach (SFP) a chabhraíonn le daoine bealaí a aimsiú chun cinn ó chásanna deacra nó dúshlánacha trí dhíriú ar an méid a theastóidh amach anseo agus ar an méid a bhfuil ag éirí leis cheana féin, agus díriú ar réitigh, seachas ar fhadhbanna (Ajmal agus Ratner 2020).

Thosaigh na síceolaithe Steve De Shazer agus Insoo Kim Berg Teiripe Dírithe ar Ghearr-Réiteach (SFBT) sna 1970idí i Meiriceá. Cuireadh SFBT agus SFP i bhfeidhm i scoileanna ó na 1990idí agus tá fianaise thurgnamhach atá ag dul i méid ann a dhéanann SFP a úsáid laistigh de shuíomhanna oideachais a bhailíochtú. Is féidir SFP a úsáid ag gach sraith den chontanam tacaíochta agus go solúbtha ar fud phobal na scoile (e.g. daltaí aonair, spriocghrúpaí, ranganna iomlána, cruinnithe tuismitheoirí, agus ar leibhéal uile-scoile).

Is éard a bhaineann le cleachtas Dírithe ar Réiteach ná comhthéacs a bhfuiltear ag súil le hinniúlacht agus bogadh i dtreo:

- Spriocanna bríocha a chomhthógáil atá bunaithe ar théarmaí daingne agus dearfacha. Chun seo a dhéanamh, labhraímid faoi na rudaí is mian leis an dalta/múinteoir a bheith i láthair, seachas cur síos ar an easpa fadhbanna (e.g. 'éisteacht níos mó' seachas 'stopadh ag béicíl os ard' nó 'mothaíonn daltaí go bhfuil siad á gcur san áireamh agus go léirítear meas orthu' seachas 'chun nach mothóidh daltaí ag ár scoil go bhfuil siad ar lár').
- An díriú a aistriú ó fhadhbanna go réitigh. Chun seo a dhéanamh, teastaíonn uainn na rudaí a gcuirimid cluas orainn féin dóibh agus an bealach a éistimid a athrú.
- An rogha todhchaí a fhiosrú go mionsonraithe. Chun seo a dhéanamh, tá orainn an meid a theastaíonn uainn, a dhéanfaidh difríocht i ndáiríre a fhiosrú.
- Láidreachtaí agus acmhainní, seachas easnaimh, a lorg. Chun seo a dhéanamh, tá orainn an t-eolas agus na scileanna reatha a chur i ngníomh agus cur leis sin.
- Nuair atá an méid atá ag cur leis an rogha todhchaí sin á fhiosrú, smaoinigh faoi eisceachtaí ar an iompraíocht, cathain nach bhfuil sí ar bun agus déan na tráthanna seo a fhiosrú. Agus amhlaidh á dhéanamh, tá comhoibriú á lorg againn agus á fhorbairt againn tríd an méid a bhfuil ag éirí leis agus is mó is bríche dár ndaltaí a aimsiú.
- Meas dearfach neamhchoinníollach a chur i gcleachtas

Forbraítear caidreamh dearfach agus baintear torthaí dearfacha amach trí dhearcadh iomlánaíoch a bheith againn i leith cáis ina gcuirtear láidreachtaí an dalta, an méid a bhfuil ag éirí go maith leis agus cén rud beag a d'fhéadfaimis a dhéanamh i dtreo 'na rudaí is mó a bhfuil súil leo' don dalta a chur san áireamh. Ní hamháin go n-aithníonn cleachtas dírithe ar réiteach láidreachtaí, ábhair spéise agus guth an dalta, ach cabhraíonn sé freisin linn maidir le conas a labhraímid faoi na chéad chéimeanna eile inár bpleanáil.

Is féidir teanga Dhírithe ar Réiteach a úsáid i gcomhrá le glór na ndaltaí a chur san áireamh, nó laistigh de ghníomhaíochtaí struchtúrtha i.e. leagan amach spriocanna, cosúil le cruinnithe pleanála.

Trí na rudaí is mó a bhfuil súil leo, an rogha todhchaí agus comharthaí athraithe a lorg, cuirtear eolas ar fáil don mhúinteoir agus d'fhoireann na scoile a ligeann spriocanna a chomhthógáil, agus sainaithnítear gníomhartha sonracha ar féidir leis an bhfoireann scoile freagairt dóibh agus iad ag tacú leis an dalta/na daltaí.

Tá an Uirlis Leagain Amach Spriocanna atá Dírithe ar Réiteach a chruthaigh ardchleachtóir SFBT in Caidreamh an CNOS. Is féidir an uirlis seo a úsáid le spriocanna bríocha a leagan amach go comhoibritheach le dalta nó le grúpa daltaí; nó d'fhoireann scoile le spriocanna a leagan amach dá gcleachtas féin, nó do chleachtais níos fairsinge scoile. Tá mír san uirlis chomh maith d'athbhreithniú agus d'athmhachnamh chun gur féidir tionchar aon tacaíochta, straitéisí nó pleananna a athbhreithniú lena chinntiú go bhfuil difear dearfach á dhéanamh acu. Féach an mínitheoir físeáin sula n-úsáidfidh tú an uirlis.

Tá an prionsabal ina mbítear dírithe ar réiteach fite fuaite in go leor de na prionsabail eile, guth na ndaltaí, meas dearfach neamhchoinníollach agus folláine foirne agus daltaí ina measc. Anuas ar an Uirlis Leagain Amach Spriocanna atá Dírithe ar Réiteach a úsáid, is féidir cur chuige atá dírithe ar réiteach a chuimsiú isteach i scoileanna i dtréimhse a ghiorra le 5 nóiméad, agus na ceisteanna samplacha thíos á n-úsáid:


 © CNOS 2025


## Tráthanna atá Dírithe ar Réiteach a Chruthú sa Seomra Ranga



- Cad iad na rudaí is mó a bhfuil súil leo don fhoghlaim faoi 'x' inniu, cad a dhéanfaidh an ceacht/lá seo ar an gceann is áisiúla duit?
- Más ionann 10 agus 'chomh muiníneach agus a d'fhéadfá a bheith san fhoghlaim faoi 'x' agus más ionann 0 agus a mhalairt, cén áit ar an scála sin atá bainte amach anois agat? Cén fáth go bhfuil an áit sin bainte amach cheana féin agat, seachas áit níos ísle? Liostaigh 3 rud.
- Cén 3 rud a d'fhéadfaimis a thabhairt faoi deara inniu a thabharfaidh le fios dúinn go bhfuil an rang seo ag foghlaim ar an mbealach is fearr do gach duine díobh?
- Dá dtarlódh sé seo, cén difríocht a d'fhéadfadh seo a dhéanamh?
- Cad iad na rudaí a bhfuil áthas ort a thabhairt faoi deara fút féin inniu/i rith ceachta inniu?
- Cén 3 rud ar éirigh go maith leo inniu? Cén difríocht a rinne sé sin?
- Cad is mó a bhfuil súil agat leis don seomra ranga/scoil seo, cén difríochtaí ar mhaith leat a thabhairt faoi deara a thacódh leat foghlaim ar an mbealach is fearr duit?


## Féach an uirlis leagain amach spriocanna





NCSE Solution Focused Goal Setting Tutorial


## Léitheoireacht bhreise ar Chleachtas atá Dírithe ar Réiteach




*Solution Focused Practice in Schools*
le Yasmin Ajmal agus Harvey Ratner



© CNOS 2025




# Folláine Foirne agus Daltaí

Baineann ríthábhacht le folláine daltaí agus foirne. Nuair a thugtar faoi thacaíocht tús áite do rialú, is eol dúinn gur cuid lárnach í folláine daoine fásta a thugann tacaíocht buntábhacht ina gcleachtas mar chomhrialálaithe.


## Ráiteas Polasaí Folláine agus Creat Cleachtais

Leagtar amach sa Ráiteas Polasaí Folláine agus Creat Cleachtais an uaillmhian agus an fhís go bhfuil cur chun cinn na folláine i gcroílár éiteas gach scoile.

Tacaíonn samhail éiceolaíochta forbartha daonna Bronfenbrenner leis an dearcadh seo agus cuirtear tuiscint chuimsitheach chóraisbhunaithe ar fáil inti ar an bhfolláine. Aithnítear inti tábhacht an duine aonair agus a d(h)lúthchaidreamh ina gcomhthéacs sóisialta agus ina bpobal i gcoitinne.




### Léirítear i samhail Bronfenbrenner gur caidreamhach an rud é a bheith i do dhuine daonna agus go mbaintear folláine amach i gcónaí i bpobal




**DUINE AONAIR**
Aois, inscne, sláinte, srl.

**MICREACHÓRAS**
**Garthimpeallachtaí**
Idirghníomhaíocht dhíreach i ngníomhaíochtaí, róil agus caidreamh le daoine eile agus le nithe.

**MEISEACHÓRAS**
Naisc idir córais agus micreachórais.

**EISEACHÓRAS**
**Timpeallachtaí neamhdhíreacha**
Córais a mbíonn tionchar acu ar an duine go díreach trí mhicreachórais.


**MACRACHÓRAS**
Idé-eolaíochtaí sóisialta agus luachanna cultúr agus fochultúr.

**FOCHÓRAS TEICNEO**
Tionchair na Meán
Ríomhairí
Idirlíon
Gléasanna Inaistrithe
Na Meáin Shóisialta
Teilifís
Teileafóin

(An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2019)


© CNOS 2025

> *"Léiríodh ról an mhúinteora a bheith ríthábhachtach freisin d'fholláine leanaí agus dhaoine óga (an OECD, 2017), agus ní hiad an teagasc agus an fhoghlaim amháin atá i gceist leis seo. Bíonn an caidreamh a bhunaíonn an múinteoir leis an duine óg mar phríomhthionchar ar fhorbairt na folláine. Aithnítear mar thoisc chosanta fáil a bheith ag an duine óg ar 'dhuine fásta maith amháin' a chuirfidh treoir agus tacaíocht ar fáil don duine óg ag tréimhse leochaileach. Ina theannta sin, bíonn tacaíocht d'fholláine múinteoirí mar bhunriachtanas cothabhála eile, agus ríthábhachtach chun gafacht, spreagadh agus cumas teacht aniar a léiriú. Cuireann a leithéid le cumas an mhúinteora déileáil le dúshláin agus dul i dtaithí ar athruithe agus cruthaítear na cúinsí chun éifeacht mhúinteoirí a thacú agus a spreagadh."*
>
> (Ráiteas Polasaí Folláine agus Creat Cleachtais, lch. 15)





Ceithre Phríomhlimistéar na Folláine (an Roinn Oideachais agus Scileanna, 2019)

Is féidir Caidreamh an CNOS a úsáid chun tacú leis na 4 Phríomhlimistéar Folláine. Is iomaí straitéis agus acmhainn phraiticiúil atá ann chun tacú le cleachtas uile-scoile do gach ceann de na príomhlimistéir.

## Muintearas

Tá braistint chómhuintearais i measc na ndaltaí go léir tábhachtach don fholláine agus imrítear tionchar dearfach ar dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, agus ar dhaltaí eile, nuair a bhraitheann gach dalta muintearas. Cé gur gnách go dtosaítear le muintearas a bhraistint i láthair ar leith, táimid ag díriú ar 'eispéireas' an mhuintearais a bheith ag gach dalta agus tagann sé sin leis an mbéim a leagtar ar chaidreamh agus ar thuiscint ar fud Caidreamh an CNOS.



Féach '**10 Dimensions of Belonging**' le Erik Carter le machnamh a dhéanamh ar mhuintearas i do scoil.

## Meon Fáis

Ceapann duine a bhfuil *meon fáis* acu gur féidir éirim, cumas, agus tallanna a fhoghlaim agus gur féidir iad a fheabhsú trí iarracht. Caitheann duine a bhfuil *meon seasta* acu leis na tréithe céanna siúd mar rudaí atá cobhsaí iontu féin agus nach n-athraítear iad le himeacht ama.

Rinne Carol S. Dweck taighde forleathan ar an meon fáis. De réir Dweck, nuair a thagann dúshlán roimh dhaoine a bhfuil meon seasta acu, tarlaíonn go gceapann siad nach féidir leo an dúshlán a shárú, ach is muiníní a bhraithfidh duine a bhfuil meon fáis acu i dtaobh aghaidh a thabhairt ar an dúshlán agus an méid a theastaíonn chun é a shárú a fhoghlaim.

Léiríodh i staidéar a rinne Dweck go bhfuil difríocht idir gníomhaíocht inchinne i measc daltaí a bhfuil meon seasta agus fáis acu nuair a bhíonn siad ag déileáil le botúin nó le ceartuithe ina n-obair; níor tugadh aon ghníomhaíocht inchinne faoi deara i measc daltaí a bhfuil meon seasta acu agus tugadh gníomhaíocht inchinne níos mó faoi deara i measc daltaí a bhfuil meon fáis acu. Feictear do na daltaí a bhfuil meon fáis acu gur bealach iad a mbotúin le hathrú a dhéanamh tríd an athmhachnamh agus tharlódh nach dtabharfadh an dalta a bhfuil meon seasta acu aon dul as faoi deara óna mbotúin.

Is tábhachtach go dtuigtear neart an mheoin fáis nuair a thacaítear le hiompraíocht mar gheall gur tábhachtach an rud le cur san áireamh é maidir le conas a thacaíonn tú le daltaí agus nuair atá machnamh á dhéanamh agat ar úsáid teanga.

## Conas Meon Fáis a Chothú

Déan dúshláin a athshamhlú mar dheiseanna agus aimsigh an fhoghlaim nua

Léirigh dúshlán atá romhat agus aghaidh á tabhairt agat air mar sin féin

Tabhair aiseolas múnlaitheach a chuireann daltaí ar an eolas conas atá ag éirí leo agus cad a bheidh sa chéad chéim eile

Leag béim ar an bhfocal 'GO FÓILL'

Taispeáin dóibh gur féidir leat a mhothú compordach tar éis botúin a dhéanamh. Cuir an fhoghlaim a rinneadh in iúl trí bhotún a dhéanamh

Leag 'rialacha fáis' amach chun gurb eol do dhaltaí go bhfuil siad tábhachtach

Seachas éirim nó an táirge deiridh a mholadh, déan an próiseas, an iarracht agus na scileanna a bhíonn i gceist leis an sprioc a bhaint a mholadh

 © CNOS 2025

## Rialacha Fáis

á rialacha agus ionchais tábhachtach i bpobal na scoile; d'fhéadfaidís a bheith frith-thairgiúil, mar sin féin, má chuirtear i bhfriotal gan solúbthacht iad. Caithfidh siad a bheith cothrom do gach duine agus ba cheart go mbeadh gach dalta in ann iad a bhaint/a shásamh.

Is eol dúinn gur cheart rialacha a chur i bhfriotal lena chur in iúl do dhaltaí an méid is mian linn, seachas nach mian linn, a fheiceáil, ach is féidir linn iarracht níos mó a dhéanamh trí 'Rialacha Fáis' a chruthú. Rialacha iad seo a chuireann foghlaim dhearfach chun cinn trí spreagadh. Mínítear i rialacha fáis conas a chabhraíonn siad leis na daltaí an rath a bhaint amach. Mar shampla, 'Bíonn an rath orainn agus bímid níos réchúisí nuair a bhímid réidh agus eagraithe don rang trí dhul go dtí na taisceadáin ar a laghad deich nóiméad sula dtosóidh an rang.

**Alt:** Conas an timpeallacht cheart a chruthú don mheon fáis

**Carol S Dweck's Ted Talk:** 'The Power of Yet'

**Talks at Google:** Carol Dweck – The Growth Mindset

## Acmhainní Folláine

**Suíomh Folláine** na Roinne Oideachais

**Catalóg Acmhainní Folláine do Bhunscoileanna** na Roinne Oideachais

**Catalóg Acmhainní Folláine d'Iar-Bhunscoileanna** na Roinne Oideachais

Iompraíocht ina Léirítear Freastal Drogallach agus Seachaint Scoile a Bhainistiú: Treoir DheaChleachtais do Bhunscoileanna

Iompraíocht ina Léirítear Freastal Drogallach agus Seachaint Scoile a Bhainistiú: Treoir DheaChleachtais d'Iar-Bhunscoileanna

Ag Freagairt d'Fhéindochar ar Scoil (Bunscoileanna agus Iar- bhunscoileanna)

Taomanna Scaoill: Treoir do Bhaill Foirne Scoile


## FGM an CNOS

Bealaí Coisc

Iompraíocht a Thuiscint

Ag Tacú le Foghlaimeoirí a bhfuil Uathachas orthu sa Scoil Speisialta


© CNOS 2025



# Meas Dearfach Neamhchoinníollach

Buntacaíonn an teoiric Meas Dearfach Neamhchoinníollach le Caidreamh an CNOS trí chéile. De réir Carl Rogers (1957), síceolaí daonnachaíoch, meon lách i dtreo a chéile atá i meas dearfach neamhchoinníollach, ina léirítear fíormheas ar an duine eile agus ina nglactar go hiomlán leo gan bhreithiúnas. Cé nach gciallaíonn sé go gceadaítear a ngníomhartha go léir, cothaíonn sé caidreamh sábháilte, iontaobhach agus ionraic, atá ríthábhachtach don athrú, trí mheas dearfach neamhchoinníollach a léiriú ar an duine.

Cothaítear féinmhuinín agus féinmheas an duine tríd an teagmháil sin a chothú, ina gcuireann ionbhá fás pearsanta chun cinn. I gcodarsnacht leis sin, má thugann duine fásta tábhachtach cúram agus glacadh ar fáil do dhuine, chomh fada agus a ghníomhaíonn nó a smaoiníonn siad ar bhealach inmhianaithe, cuirtear cosc lena bhfás.

> *"Chun go léireoidh duine 'fás', teastaíonn timpeallacht uathu ina soláthraítear dílseacht (oscailteacht agus féin-nochtadh), glacadh (caitear leo le meas dearfach neamhchoinníollach) agus ionbhá (éistear leo agus tuigtear iad). Gan iad seo, ní fhorbrófar caidreamh agus pearsantachtaí sláintiúla mar ba cheart dóibh, cosúil le crann nach bhfásfaidh gan solas gréine agus uisce".*
>
> Carl Rogers

Úsáideadh meas dearfach neamhchoinníollach riamh laistigh de theiripe atá dírithe ar an duine agus i gcóireálacha duinelárnacha agus cuireadh i bhfeidhm in go leor comhthéacsanna é. Bealach smaointeoireachta mar mhúinteoir é meas dearfach neamhchoinníollach i scoileanna agus seomraí ranga. Ní chiallaíonn smaoineamh ar an mbealach seo nach gcuireann cásanna nó iompraíocht frustrachas ar mhúinteoirí riamh. Ina ionad sin, déanann múinteoirí an t-idirdhealú idir frustrachas a bheith orthu faoin méid a tharla, cásanna nár thaitin na gníomhartha nó an straitéis déileála a úsáideadh, seachas cásanna nach dtaitníonn an dalta leo mar dhuine nó go gcuireann siad frustrachas orthu. Cé go bhféadfadh cleachtadh a bheith ag teastáil le smaoineamh ar an mbealach seo, agus go bhféadfadh sé a bheith deacair a dhéanamh ag amanna, go háirithe má bhraitheann na múinteoirí féin ualach ró mhór orthu, múnlaítear i meas dearfach neamhchoinníollach meon maithiúnais agus ina dtugtar na rudaí is fearr faoi deara i measc daltaí agus sa chás ar leith. Samhaltú maith é seo freisin agus cabhraíonn sé le cultúr acmhainne agus measa a fhorbairt.

Is éard a bhaineann le meas dearfach neamhchoinníollach:

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Meas a léiriú ar dhaltaí | Gan breithiúnas a thabhairt | Glacadh le gach dalta mar dhuine aonair ar leith | Glacadh le heispéiris na ndaltaí | Glacadh le dearcthaí, tuairimí agus creidimh na ndaltaí | Aire a thabhairt do dhaltaí agus a riachtanais a thuiscint |
| Iompraíocht a athshamhlú tríd an intinn chumarsáideach a thuiscint | A bheith atruach agus tuisceanach | Caitheamh le daltaí ar bhealach dearfach gan aird ar an gcás | Bealaí forbartha a thuiscint | An leanbh iomlán a chur san áireamh | Daltaí a dheighilt óna n-iompraíocht |

**Barnardos "It's All About Relationships"**

**Na Tairbhí a Chruthaíonn Meas Dearfach Neamhchoinníollach sa Seomra Ranga**

**The Sendcast: My Behaviour Journey with Catrina Lowri**


## FGM an CNOS

Iompar a Thuiscint

Bealaí chun Coisc


© CNOS 2025

# Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim



Aithníonn, freastalaíonn agus ceiliúrann Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim (DUF) ar inathraitheacht láidreachtaí, riachtanais agus mhodha foghlama daltaí. Is éard a mheasaimid trí DUF ná '**D'fhéadfadh rud a atá *bunriachtanach* do roinnt daltaí a bheith tairbhiúil do *gach dalta***' agus, ar an ábhar sin, tá mar aidhm againn timpeallacht a chruthú inar féidir le gach foghlaimeoir teacht ar fhoghlaim, páirt a ghlacadh agus an rath a bhaint amach inti.

Is í sprioc DUF ná cumas gníomhúcháin an fhoghlaimeora atá cuspóireach agus athmhachnamhach agus dílis, straitéiseach agus dírithe ar ghníomh.

Creat é DUF ina gcuirtear rannpháirtíocht, idirchaidreamh agus ionchuimsiú chun cinn trí bhealaí iolracha idirchaidrimh a sholáthar (an FÁTH go bhfoghlaimítear), léiriú (CAD atá á fhoghlaim) agus an gníomh/léiriú (CONAS a fhoghlaimítear).

Ní hamháin go bhfeabhsaíonn an creat ionchuimsitheach seo torthaí acadúla, ach imríonn sé tionchar dearfach ar iompraíocht daltaí freisin, ina gcothaítear seomra ranga tacúil agus réamhghníomhach. Tá an díriú ar láidreachtaí agus ar sholúbthacht gach duine aonair sa bhealach a bhaintear spriocanna amach dearfach ó thaobh néara-éagsúlachta ó nádúr.

Tríd an gcreat Dearaidh Uilíoch don Fhoghlaim a chur i bhfeidhm, i gcomhthéacs oideolaíocht chaidreamhach agus spraíúil, is féidir le múinteoirí timpeallachtaí agus gníomhaíochtaí foghlama a dhearadh is fearr a thacaíonn le foghlaimeoirí teacht ar dheiseanna foghlama dúshlánacha bríocha agus páirt a ghlacadh iontu. Ba cheart go gceanglódh na gníomhaíochtaí seo le heispéiris saoil, láidreachtaí, ábhair spéise an dalta agus leis an eolas a bhí acu roimhe seo.

## Inathraitheacht

Ní hí inathraitheacht na ndaltaí inár seomraí ranga an eisceacht, is í an riail.

Nuair a chuirtear é seo san áireamh, chun gach duine de na foghlaimeoirí éagsúla agus a láidreachtaí agus a riachtanais féin a chur san áireamh, tá orainn pleanáil ar bhealach a ligeann dár ndaltaí foghlaim ar bhealaí éagsúla. Áirítear leis seo ábhair éagsúla a úsáid agus rogha nó roghanna a sholáthar i dtaobh conas a fhoghlaimíonn ár ndaltaí tríd an lá.

## Bacainní

Níl an bhacainn sa dalta féin, is sa timpeallacht atá an bhacainn agus ní foláir dúinn obair leis an mbacainn sin a nochtadh agus a laghdú don dalta. D'fhéadfadh bacainní neamhbheartaithe a bheith sa timpeallacht foghlama agus is é ár ról iad a aimsiú agus a bhaint, pé áit ar féidir. D'fhéadfadh bacainní a bhaint a bheith bunriachtanach do dhalta amháin nó roinnt daltaí, ach d'fhéadfadh sé tairbhe a chruthú do gach duine.

## Cumas Gníomhúcháin an Fhoghlaimeora

Coincheap tábhachtach é cumas gníomhúcháin an fhoghlaimeora nuair a thacaítear le hiompraíocht. Tugaimid iompraíocht nó mírialú faoi deara amanna nuair nach bhfuil ag an dalta a dteastaíonn uathu le teacht ar an bhfoghlaim. Is féidir leis seo frustrachas a chruthú a théann i méid i rith an lae. Ní hé an freagra i gcónaí 'an t-éileamh a laghdú', ach cumas gníomhúcháin an fhoghlaimeora a chothú. Tá an méid a theastaíonn uathu ag an bhfoghlaimeoir a bhfuil cumas gníomhúcháin acu chun teacht ar na ceachtanna, cibé acu más le hábhair éagsúla, teicneolaíocht, am rialaithe nó cur chuige eile é sin. Tá siad seiftiúil, cuspóireach agus dírithe ar ghníomh; agus tugaimid dóibh na bealaí agus an modh chun an cumas gníomhúcháin foghlaimeora seo a bhaint amach. Trí labhairt leis an dalta, is gnách go bhfeictear duit go bhfuil tuairim mhaith acu faoin méid a theastaíonn uathu leis seo a bhaint amach (i gcás daltaí nach bhfuil labhairt acu nó atá ar bheagán labhartha, féach an mhír ar Ghuth na nDaltaí chun teacht ar roinnt smaointe chun tacú le glór na ndaltaí a spreagadh). Tá bealaí iolracha idirchaidrimh, léirithe agus gnímh agus léiriúcháin ag foghlaimeoirí a bhfuil cumas gníomhúcháin acu. Baintear bacainní atá rompu.


 © CNOS 2025

## Bealaí Iolracha Idirchaidrimh




Is éagsúil atá daltaí sa bhealach a spreagtar iad chun foghlaim agus níl aon bhealach amháin leis na daltaí go léir a spreagadh chun gnímh. Bainfidh roinnt daltaí taitneamh as spontáineacht i rith an lae, a ghríosaíonn iad ina bhfoghlaim, agus d'fhéadfadh daltaí eile a bheith an-imníoch muna bhfuil an lá agus an fhoghlaim intuartha. Tá orainn bealaí iolracha idirchaidrimh a sholáthar lenár ndaltaí a thabhairt linn agus a n-idirchaidreamh a mhéadú. Cuid thábhachtach dár ndaltaí a spreagadh a bheith in aithne a chur orthu agus na rudaí is spéis leo a bheith ar eolas againn.

## Bealaí Iolracha Léirithe




Is éagsúil a bhíonn daltaí sa bhealach a thuigeann agus a shealbhaíonn siad an t-eolas a chuirtear ina láthair. Arís eile, níl aon bhealach amháin ann le heolas a léiriú a oirfidh do gach duine de na daltaí i seomra ranga. Is eol dúinn go mbeidh inathraitheacht ann. Mar shampla, teastóidh léiriú éagsúil ó dhaltaí a bhfuil lagú radhairc nó moill éistigh orthu nó atá bodhar, i gcomparáid le dalta nach labhraíonn Béarla, ach d'fhéadfaidís agus na daltaí eile go léir sa rang tairbhe a bhaint as ábhair amhairc a úsáid ina bhfoghlaim, mar sin féin. Tá orainn bealaí iolracha léirithe a sholáthar dár ndaltaí chun tacú go hiomlán leo ina bhfoghlaim.

## Bealaí Iolracha Gnímh agus Léirithe





Is éagsúil atá daltaí freisin sa bhealach a aimsíonn siad a mbealach sa timpeallacht foghlama agus ina dtaispeánann siad an méid is eol dóibh. Beidh roinnt daltaí ábalta suí an lá go léir, agus beidh deiseanna ag teastáil ó dhaltaí eile chun bogadh, nó obair ar bhealaí éagsúla, mar shampla, ag stáisiúin seasaimh nó ag suí ar ruga fad a bhítear ag éisteacht. Rachaidh na bealaí iolracha seo a bheith ar fáil do gach dalta chun tairbhe gach duine. Ar an gcuma chéanna, is éagsúil a bheidh an bealach is fearr a léiríonn daltaí an méid is eol dóibh tríd an scríbhneoireacht, athinsint, taifeadáin gutha, líníocht etc. Is í an sprioc timpeallacht a chruthú inar féidir le gach dalta an méid is eol dóibh a thaispeáint duit. Beidh daltaí níos rialaithe ina spás foghlama má thugtar bealaí iolracha gnímh agus léirithe dóibh.


**Katie Novak: What is Universal Design for Learning**

**Think DUF!**

Transform Your Teaching with Universal Design for Learning le Jennifer L Pusateri

DUF Now le Katie Novak





© CNOS 2025

CAST | Until learning has no limits


| | **Bealaí iolracha soláthair**<br>**Idirchaidrimh**<br><br>Líonraí Mothachtálacha An "FÁTH" go bhFoghlaimítear | **Bealaí iolracha soláthair**<br>**Léirithe**<br><br>Líonraí Aitheantais "CAD" a Fhoghlaimítear | **Bealaí iolracha soláthair**<br>**Gnímh agus Léirithe**<br><br>Líonraí Straitéiseacha "CONAS" a Fhoghlaimítear |
|---|---|---|---|
| **Rochtain** | Tabhair roghanna chun<br>**Spéis a Mhúscailt** (7)<br>• Rogha aonair agus neamhspleáchas a bharrfheabhsú (7.1)<br>• Ábharthacht, luach, agus dílseacht a bharrfheabhsú (7.2)<br>• Bagairtí agus cur isteach a íoslaghdú (7.3) | Tabhair roghanna le haghaidh<br>**Aitheanta** (1)<br>• Bealaí a sholáthar chun taispeáint eolais a shaincheapadh (1.1)<br>• Roghanna eile ar eolas éisteachta a sholáthar (1.2)<br>• Roghanna eile ar eolas amhairc a sholáthar (1.3) | Tabhair roghanna le haghaidh<br>**Gníomh Fisiciúil** (4)<br>• Na modhanna d'fhreagairt agus don bhealach a aimsiú a éagsúlú (4.1)<br>• An teacht ar uirlisí agus ar theicneolaíochtaí cúnta a bharrfheabhsú (4.2) |
| **Tógáil** | Tabhair roghanna chun<br>**Iarracht agus Diongbháilteacht a Chothú** (8)<br>• Suntasacht spriocanna agus chuspóirí a mhéadú (8.1)<br>• Éilimh agus acmhainní a éagsúlú le dúshlán a bharrfheabhsú (8.2)<br>• Cothaigh comhoibriú agus pobal (8.3)<br>• Aiseolas atá dírithe ar mháistreacht a mhéadú (8.4) | Tabhair roghanna le haghaidh<br>**Teanga agus Siombailí** (2)<br>• Stór focal agus siombailí a shoiléiriú (2.1)<br>• Comhréir agus struchtúr a shoiléiriú (2.2)<br>• Tacú le decódú téacs, nodaireachta matamaiticiúla, agus siombailí (2.3)<br>• Tuiscint a chur chun cinn i measc teangacha (2.4)<br>• Léiriú trí mheáin iolracha (2.5) | Tabhair roghanna le haghaidh<br>**Léiriú agus Cumarsáid** (5)<br>• Meáin iolracha a úsáid do chumarsáid (5.1)<br>• Uirlisí iolracha a úsáid do dhéantús agus do chomhdhéanamh (5.2)<br>• Ligtheacht a fhorbairt le leibhéil chéimnithe tacaíochta do chleachtas agus d'fheidhmíocht (5.3) |
| **Inmheánaigh** | Tabhair roghanna le haghaidh<br>**Féinrialú** (9)<br>• Ionchais agus creidimh a chur chun cinn a bharrfheabhsaíonn spreagadh (9.1)<br>• Scileanna agus straitéisí déileála pearsanta a éascú (9.2)<br>• Féinmheasúnú agus athmhachnamh a fhorbairt (9.3) | Tabhair roghanna le haghaidh<br>**Tuisceana** (3)<br>• Eolas cúlra a ghníomhachtú nó a sholáthar (3.1)<br>• Tabhair patrúin, gnéithe ríthábhachtacha, smaointe móra, agus caidreamh chun solais (3.2)<br>• Treoraigh próiseáil agus léirshamhlú eolais (3.3)<br>• Uasmhéadaigh aistriú agus ginearálú (3.4) | Tabhair roghanna le haghaidh<br>**Feidhmeanna Feidhmiúcháin** (6)<br>• Leagan amach cuí spriocanna a threorú (6.1)<br>• Tacú le forbairt pleanála agus straitéise (6.2)<br>• Bainistiú eolais agus acmhainní a éascú (6.3)<br>• An cumas chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn a fheabhsú (6.4) |

(Treoirlínte DUF CAST 3.0)





© CNOS 2025


# Sé Ghné chun Tacú le Rannpháirtíocht agus Idirchaidreamh Daltaí



Gné na Tuisceana




Gné an Chaidrimh




Gné an Fhiosraithe



Gné an tSeomra Ranga



Gné na Múinteoireachta




Gné an Athmhachnaimh

Bealach iad na sé ghné seo a leanas chun tacú le daltaí. Tá siad in ord ar leith sa tuiscint go dtiteann cuid díobh amach le hais a chéile; ach foghlaimítear ó gach gné a chabhróidh leat cinntí daltalárnacha agus atá dírithe ar réiteach a dhéanamh feadh an bhealaigh. Mar shampla, ní hí Gné an tSeomra Ranga an chéad ghné a chuirtear i láthair. Is cinnte go mbeidh breithniú á dhéanamh agat ar thimpeallacht an tseomra ranga ó thús na bliana acadúla, ach de réir mar a fhoghlaimíonn tú níos mó faoi na daltaí i do rang agus mic léinn i do rang agus nuair a chuirtear an prionsabal DUF 'D'fhéadfadh rud atá bunriachtanach do roinnt daltaí a bheith tairbhiúil do gach dalta' san áireamh, beidh tú in ann timpeallacht an tseomra ranga a chur san áireamh ó pheirspictíocht níos feasaí agus níos caolchúisí.





© CNOS 2025



# Gné na Tuisceana

Chun tacú go hiomlán le daltaí, caithfimid a bheith eolach orthu agus an áit óna bhfuil siad ag teacht a thuiscint i dtosach. An eol duit a láidreachtaí, na rudaí is spéis leo agus conas a chaitheann siad a gcuid ama lasmuigh den scoil? Mura bhfuil tuiscint éigin againn ar an dalta lasmuigh den riachtanas lena bhfuilimid ag tacú, ní bheimid in ann na tacaíochtaí cearta a roghnú a imreoidh an tionchar is mó.

Cuirfidh seo freisin le Gné an Chaidrimh. Chun gurb eol dúinn cá dtosóimid le caidreamh a fhorbairt agus ceangal a dhéanamh, caithfidh eolas a bheith againn faoin dalta, a gcultúr agus a luachanna agus an méid atá tábhachtach dóibh.

### Sraith Straitéisí

- An uirlis *Aithne a Chur Orm* (bunscoil/scoil speisialta)
- An uirlis *Aithne a Chur Orm* (iar-bhunscoil/scoil speisialta)
- **An acmhainn Muintearas ar Scoil (Belonging in School)** ó Ollscoil Cambridge
- Cruthaigh **Próifíl Leathanaigh Amháin**

## Straitéisí Praiticiúla

- Déan breithniú ar stíl chumarsáide, conas is féidir í a chur san áireamh mar chuid de chur chuige cumarsáide iomláine sa seomra ranga?
- Pleanáil deiseanna sa churaclam do ghníomhaíochtaí ar leith 'Aithne a Chur Orm'
- Úsáid uirlis chumarsáide baile/scoile
- Bí ar an eolas ar láidreachtaí agus ábhair spéise daltaí agus cuir san áireamh i gceachtanna iad
- Aimsigh comhthuiscint – cad iad na rudaí atá i bpáirt agat le do dhaltaí
- Caith roinnt ama le heolas breise a fháil faoin méid a d'fhoghlaim tú ón uirlis 'Aithne a Chur Orm'

- **Bruce Perry: Seomra Ranga Ceangailte a Thógáil**
- **Be a Mr Jensen**
- **Engaging Pupils with SEMH and Other Behaviour Needs with Adele Bates**
- *Inside I'm Hurting* le Louise Bomber
- *Know Me to Teach Me* le Louise Bomber

### FGM an CNOS

Uathachas agus Riachtanais Bhreise i dTeannta a Chéile
Ag Tacú leis an Aistriú ó Bunscoile go hIar-Bhunscoile
Insintí Sóisialta
Difríochtaí Sóisialta a Thuiscint – Cur Chuige Néaraidhearfach




© CNOS 2025

## Deir daltaí...

### Bain triail as na ceisteanna seo a leanas a chur


Cad a cheapann tú den seomra ranga agus den fhoghlaim?

An bhfuil aon rud ann a chuireann isteach ort/a chuireann strus ort?

Cad a dhéanann níos measa é?

Cad a d'fhéadfadh a bheith i gceist má tá strus ort?

Cén fáth ar roghnaigh tú an t-ábhar seo? Cén spreagadh atá agat?



Cén meicníochtaí déileála a chabhraíonn leat tacú le d'fholláine?


## Ceisteanna Athmhachnamhacha

- Cén córais atá i bhfeidhm chun gur féidir leis an bhfoireann comhoibriú, eolas atá faoin dalta cheana féin a bhailiú agus a roinnt?
- Ar chaith mé am le hathmhachnamh a dhéanamh ar an méid a fhoghlaimím faoin dalta agus cur le m'fhoghlaim nuair is gá?
- An dteastaíonn níos mó foghlaim ghairmiúil múinteoirí uaim le láidreachtaí agus riachtanais an dalta a thuiscint? An bhfuil duine éigin ar an bhfoireann a bhfuil eolas nó saineolas acu ar féidir leo tacú liom?
- An gcuirtear féiniúlacht agus cultúr an dalta san áireamh i bpobal na scoile agus an léirítear meas orthu?




© CNOS 2025

# Ag Cur Aithne Orm




Gné na Tuisceana

 © CNOS 2025

# Aithne a Chur Orm

Cad iad na rudaí is aoibhinn liom?

Cad is maith liom faoin scoil?

Cén gníomhaíochtaí a thaitníonn liom ar scoil?

Cad is fearr liom faoi am sosa?

Cad iad na rudaí is fearr liom le déanamh sa bhaile?

Cad atá go maith faoi bhe amuigh ar an gclós?

Cad a chabhraíonn liom ábhair nua a fhoghlaim?

Rud éigin tábhachtach mar gheall orm féin...

Is maith liom an méid atá foghlamtha agam a chur in iúl trí...





© CNOS 2025

# Aithne a Chur Orm

## Ceisteanna do Thuismitheoirí/Chúramóirí

**Cén saghas ábhar spéise agus caitheamh aimsire atá ag do pháiste?**

**Conas is féidir linn tacú le do pháiste ar scoil?**

**An raibh aon eispéiris saoil nó athruithe acu ar mhaith leat iad a roinnt linn?**

**An bhfuil do leanbh buartha faoi aon rud nó an bhfuil eagla orthu faoi rud éigin ar cheart dúinn a bheith ar an eolas faoi?**

**An bhfuil aon ábhar eile gur mhaith leat a roinnt linn nó go mbeimis ar an eolas faoi?**





© CNOS 2025

# Aithne a Chur Orm

Ceisteanna do dhaoine fásta a oibríonn le: ________________________

Cad a thaitníonn leis an dalta faoi láthair?

Conas is féidir láidreachtaí agus ábhair spéise an dalta a úsáid chun tacú lena bhfoghlaim?

Cad iad na rudaí a bhfuil ag eirí go maith leo?

An bhfuil aon chuir chuige nó straitéisí a mholfá a cuireadh i bhfeidhm roimhe seo nó atá réidh le cur i bhfeidhm?

Cad a chabhraigh leis an dalta ina rang nó a suíomh roimhe seo?



 © CNOS 2025

# Aithne a Chur Orm

Is é ainm mo mhúinteora:

Cad a thaitin leat faoin scoil?

Dá bhféadfá aon sárchumhacht a bheith agat, cad a bheadh ann?

An dtaitníonn sé leat aon chluichí nó spórt a imirt?

Cad é an áit is fearr ina raibh tú riamh?

Na rudaí is fearr le mo mhúinteoir:

Dath: ____________________

Ainmhí: ____________________

Bia: ____________________

Cad é an rud is spraíúla a thaitníonn leat a dhéanamh ag an deireadh seachtaine?

An bhfuil aon pheataí agat?

An dtaitníonn an teilifís nó scannáin leat?

Inis dúinn rud éigin suimiúil mar gheall ort féin.






© CNOS 2025

# Aithne a Chur Orm

## Cluiche Dísle








© CNOS 2025

# Ag Cur Aithne Orm



# Aithne a Chur Orm

Rudaí a thaitníonn liom (ar scoil/lasmuigh den scoil):

Cad a dhéanaim ag am sosa?

Is é an chuid is fearr liom den lá scoile:

Cad atá i gceist le hathrú ranga dom?

Is iad na hábhair is fearr liom?

Cé hiad na daoine tábhachtacha i mo shaol?

Cad a chabhraíonn liom foghlaim?

Rud éigin ba cheart a bheith ar eolas agat fúm...

B'fhearr liom an méid atá foghlamtha agam a léiriú trí ...

Gné na Tuisceana



© CNOS 2025

# Aithne a Chur Orm

## Ceisteanna do Thuismitheoirí/Chúramóirí

**Cad iad ábhair spéise agus caitheamh aimsire do linbh?**

**An bhfuil do leanbh imníoch faoi aon rud ar cheart dúinn a bheith eolach air?**

**Conas is féidir linn tacú le do leanbh ar scoil?**

**An raibh aon eispéiris saoil nó athruithe acu ar mhaith leat iad a roinnt linn?**

**Má bhíonn do leanbh faoi strus, an bhfuil aon rud a d'fhéadfadh cúrsaí a dhéanamh níos measa dó/di gur cheart dúinn a sheachaint?**

**An bhfuil aon eolas ábhartha eile gur mhaith leat a roinnt linn?**





© CNOS 2025

# Aithne a Chur Orm

Ceisteanna do dhaoine fásta a oibríonn le: ____________________________

**Cad iad láidreachtaí agus ábhair spéise an dalta?**

**Conas is féidir na láidreachtaí agus na hábhair spéise seo a úsáid chun tacú le foghlaim an dalta?**

**Ar éirigh go maith leis an dalta in aon ghné faoi leith?**

**Is fearr a fhoghlaimíonn an dalta seo trí...**

**An bhfuil aon chuir chuige nó straitéisí a mholfá a cuireadh i bhfeidhm roimhe seo nó atá réidh le cur i bhfeidhm?**

Gné na Tuisceana


© CNOS 2025

# Aithne a Chur ar mo Mhúinteoir

**Is é ainm mo mhúinteora:**

**Cad a thaitin leat faoin scoil?**

**Cén caitheamh aimsire a bhfuil tú an-phaiseanta faoi?**

**An bhfuil leabhar nó scannán ann a cheapann tú gur cheart do gach duine a léamh nó a fheiceáil ar a laghad uair amháin?**

**Dá bhféadfá bliain shaor a thógaint le dul ag taisteal, cén áit a rachfá ar dtús?**

**Na rudaí is fearr le mo mhúinteoir:**

Ceol: ______________________

Cláir Theilifíse: ______________________

Bia Beir Leat: ______________________

**Muna mbeifeá i do mhúinteoir, cén post eile a thaitneodh leat?**

**Cad é an béile is fearr a bhí agat riamh?**

**Cén caitheamh aimsire a bhfuil tú an-phaiseanta faoi?**

**Ar chuir tú ionadh ort féin riamh?**





© CNOS 2025

# Gné an Chaidrimh

> *"Ní féidir foghlaim shuntasach a dhéanamh gan caidreamh suntasach."*
>
> Dr James Comer

Is dóchúla go mbraithfidh daoine a bhfuil caidrimh dhearfacha acu níos sona lena saol agus go bhfuil siad á gcur san áireamh. Tá freagracht ar gach duine fásta i suíomh na scoile a thábhachtaí agus atá caidrimh dhearfacha agus conas a imríonn siad tionchar ar iompraíocht a thuiscint. Mar ghairmithe, is é ár ról caidrimh dhearfacha a bhunú le daltaí agus lena dteaghlaigh. Tá siad bunriachtanach le go mbeidh an rath orainn amach anseo nuair a thacaímid le hiompraíocht. Cabhraíonn caidrimh shláintiúla le daltaí mothú slán agus go bhfuil tacaíocht á tabhairt dóibh, agus is féidir le caidrimh mhíshláintiúla tionchar diúltach marthanach a imirt.

## An bhfuil an tacaíocht a thugann tú i gcomhréir leis an dúshlán a leag tú amach?

Déan breithniú ar chaidreamh tríd an bhfuinneog dhisciplíne sóisialta (a cuireadh in oiriúint ó McCold agus Wachtel, 2003). Ag smaoineamh faoi na daltaí i do rang, déan breithniú ar an leibhéal tacaíochta i gcomhar leis an leibhéal dúshláin do gach duine aonair agus conas is féidir an ceathrú cuid 'le' a bhaint amach. Seo an áit a leagtar béim ar chaidreamh, baintear braistint chómhuintearais amach agus oibríonn daltaí laistigh de chrios na forbartha neasaí (Vygotsky, 1978). Cuid thábhachtach de chaidreamh sláintiúil a fhorbairt le daltaí é creideamh i ndaltaí a léiriú anuas ar phrionsabail mheoin fáis.

| | | |
|---|---|---|
| **TACAÍOCHT** | **DO**<br>*Pionósach*<br><br>Ceaptar nach fiú é<br>Ní thagann forbairt dá laghad<br>Tagann leadrán orthu<br>Díspeagúil<br><br>**High Support and Low Challenge** | **LE** ★<br>*Caidreamhach*<br><br>Braitear go dtuigtear iad agus go dtacaítear leo<br>Dul i bpriacal le tacaíocht san fhoghlaim<br>Crios na Forbartha Neasaí<br>Braistint Chómhuintearais<br><br>**High Support and High Challenge** |
| | **NÍL SÉ DÚSHLÁNACH**<br>*Faillitheach*<br><br>Braitear ar lár<br>Leadránach<br>Níl fás ná foghlaim ann<br><br>**Low Support and Low Challenge** | **TÁ SÉ DÚSHLÁNACH**<br>*Ceadaitheach*<br><br>Braitear míshábháilte<br>Ardriosca gan an tacaíocht a theastaíonn<br>Déantar díobháil don fhéinmheas<br><br>**Low Support and High Challenge** |
| | **DÚSHLÁN** | |

### Sraith Straitéisí

- Cur Chuige PACE
- **Ciorcail Chaidrimh**


© CNOS 2025

## Straitéisí Praiticiúla

- Bain feidhm as **Meas Dearfach Neamhchoinníollach**
- Úsáid **Teanga Mheoin Fáis**
- **Ciorcail seiceála isteach**
- Cas le gach dalta agus beannaigh dóibh ag doras an ranga, úsáid a n-ainm.
- Bain triail as an gcur chuige 2x10
- Lorg **glór na ndaltaí** bríoch i do sheomra ranga
- Duine Fásta Maith Amháin
- Tacaigh le daltaí páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí grúpa tríd an ‘ról’ ceart a aimsiú dóibh
- Idirghníomhú Dian a úsáid (Féach FGM an CNOS)


## Deir daltaí...

Is éasca foghlaim má mhothaítear sábháilte agus ceangailte le foireann na scoile.

Cuir roghanna ar fáil chun é a dhéanamh níos éasca cinneadh a dhéanamh agus nuair atá dea-spion ar dhalta, fiafraigh díobh conas ba mhaith leo go gcuirfí ceisteanna orthu, e.g. “An fearr leat ceisteanna tá/níl, nó 3 rogha, nó gan ach cártaí cumarsáide a úsáid?”.

Fiafraigh cén fáth go raibh dalta as láthair ón scoil. D’fhéadfadh gur cás strusmhar is cúis leis, cosúil le turas allamuigh nó tasc a cheaptar atá dodhéanta mar gheall ar bhacainní. Má fhiosraíonn tú an scéal, b’fhéidir go dtabharfaidh sé an deis dóibh an fáth a bhí leis a insint duit.

Mura raibh dalta i láthair i rang, tabhair na nótaí/an obair bhaile dóibh, ná habair leo iad a fháil ó dhaltaí eile. Cuireann seo strusairí breise sóisialta ar roinnt daltaí.



Má tá tacaíocht á cur ar fáil agat nó má tá an scéal á fhiosrú, déan iarracht ceisteanna cosúil le ‘Conas is féidir liom cabhrú leat?’ a sheachaint. D’fhéadfadh seo a bheith deacair lena fhreagairt má tá strus ar an dalta cheana féin mar gheall go bhféadfadh sé a bheith níos deacra a chur in iúl. Bain triail as na ceisteanna: “An dteastaíonn sos uait?”, “An mothaíonn tú míchompordach?”

Má tá comhairle á tabhairt agat, smaoinigh faoi conas a thugtar é seo – an bhfuil an dalta compordach sa spás agus ar iarr siad ar chomhairle? An bhfuil an chomhairle oiriúnach dá saol agus dá bpeirspictíocht?



## Cas Leo agus Beannaigh Dóibh

### *Athrú beag a dhéanann difríocht mhór*

Cothaítear braistint chómhuintearais trí iarracht a dhéanamh beannú do gach duine de do dhaltaí ag tús gach lae/ceachta. Cothaíonn an straitéis shimplí seo braistint tábhachta ar bhonn aonair do gach dalta agus cuireann sé le cultúr cairdiúil agus sábháilte sa seomra ranga. Tugadh le fios i dtaighde ar bheannú dearfach ag an doras gur laghdaíodh an cur isteach agus gur méadaíodh an rannpháirtíocht i bhfoghlaim. Deimhníodh sa staidéar gur féidir suas le huair an chloig d'am foghlama sa lá a ghnóthú leis an straitéis éifeachtach seo.

## Cur Chuige 2x10 CNOS in Iar-bhunscoileanna

Straitéis forbartha caidrimh é an cur chuige 2x10 a úsáidtear chun tacú le daltaí ar deacair teagmháil a dhéanamh leo. Is rud simplí ann féin é: caitheann múinteoir nó ball foirne dhá nóiméad sa lá, ar feadh deich lá i ndiaidh a chéile, ag tabhairt faoi chomhrá éadrom, neamhacadúil, gan tagairt a dhéanamh d'aon fhadhb. Is í an sprioc iontaoibh a chothú agus dáimhiúlacht dhearfach a fhorbairt idir an dalta agus an duine fásta, a chabhraíonn leis an dalta a bhraistint go dtugtar faoi deara iad agus go léirítear meas orthu. Tugtar le fios sa taighde go ndéanann an dá nóiméad sin difríocht nuair atá an duine fásta comhsheasmhach ar feadh deich lá scoile, mar sin, lean ort agus an ceangal sin á dhéanamh agat.

## Duine Fásta Maith Amháin

Leis an gcoincheap "Duine Fásta Maith Amháin" cinntítear go mbíonn duine fásta ag daltaí ar féidir leo dul i gcomhairle leo má theastaíonn sin uathu.

Deimhníodh in 'My World Survey 2' le Scoil Síceolaíochta UCD agus Jigsaw gur gnách go raibh féinmheas níos mó, meabhairshláinte níos fearr, leibhéil níos ísle de dhúlagar agus d'imní agus teacht aniar agus dóchas níos mó ag daltaí a thug le fios go raibh duine fásta maith amháin acu.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara gur dhóchúla go dtabharfadh daltaí Tríú Bliana agus Séú Bliana le fios gur bhraith siad tacaíocht íseal ó dhuine fásta speisialta.

- **Cur Chuige 2x10 an CNOS in Iar-Bhunscoileanna**
- **A Chinntiú go mBítear Eolach ar Gach Leanbh**
- **Rita Pierson: Every Kid Needs a Champion**
- **The Magic of Relationships leis an Dr Sonia Mastrangelo**

### FGM CNOS

- Iompar a Thuiscint
- Bealaí chun Coisc
- Idirghníomhú Dian
- Súgradh mar Straitéis Ionchuimsitheach
- Iompraíocht Dhearfach a Chur chun Cinn don Fhoghlaim (Iar-Bhunscoileanna)
- Seiceáil agus Ceangail (Iar-Bhunscoileanna)

### Ceisteanna Athmhachnamhacha

- Cad a déarfadh daltaí faoi do chaidreamh leo?
- Conas a chuireann tú caidreamh le piaraí chun cinn?
- Nuair a bhí tú ag fás aníos, an raibh duine fásta amháin maith agat le labhairt leo nuair a theastaigh tacaíocht uait? Cén tréithe a bhí ag an duine sin?
- Smaoinigh faoin gcaidreamh seo a leanas i do timpeallacht: idir dalta agus dalta, idir múinteoir agus dalta agus idir comhghleacaí agus comhghleacaí.



 © CNOS 2025

# PACE


## (Spraíúlacht, Glacadh, Fiosracht agus Ionbhá)

Is cur chuige é **PACE** ina gcuirtear ar bun modhanna smaoinimh, braistinte, cumarsáide agus iompraíochta a d'fhorbair an síceolaí Dr Dan Hughes a chothaíonn iontaoibh, ceangal mothúchánach agus caidrimh bhríocha. Is bealach é le 'bealach maireachtála' a chur in iúl ina ndírítear ar conas a dhéanaimid cumarsáid le daltaí agus conas a chuirimid braistint sábháilteachta agus slándála inár n-idirghníomhú in iúl.

Is féidir PACE a úsáid chun nasc a dhéanamh le go leor daltaí agus bíonn sé an-éifeachtach i dtaobh freastal ar riachtanais daltaí a bhí thíos le tráma nó deacrachtaí ceangail.

Cuireann cur chuige PACE in iúl do dhaltaí go mbíonn meas dearfach neamhchoinníollach ag daoine fásta orthu agus go nglacann daoine fást lena smaointe agus a mothúcháin **go léir**. Is féidir leis cabhrú le daoine fásta freisin tuiscint níos fearr a fháil ar cad atá ar siúl ag an dalta ag an bpointe áirithe sin. Nuair a ghlacann daoine fásta cur chuige PACE chucu féin, tacaítear le féinfheasacht agus scileanna dalta freagairt dá strus féin trí chomhrialú chomh maith le tuiscint dhearfach an dalta ar a nádúr féin á cothú.


Tá ceithre ghné i gcur chuige PACE , **P** – spraíúlacht (playfulness), **A** – glacadh (acceptance), **C** – fiosracht (curiosity) agus **E** – ionbhá (empathy), ar féidir iad a úsáid ar bhonn aonair, i meascáin éagsúla nó i ndiaidh a chéile.








© CNOS 2025



## Spraíúlacht

Níl baint ag a bheith greannmhar an t-am go léir ná gan caitheamh go tromchúiseach le cásanna nó le mothúcháin daltaí le cur chuige spraíúil. Ina ionad sin, is éard a bhaineann le spraíúlacht meon gafa, comharthaíocht choirp oscailte agus shéimh a bheith agat agus tuin ghealchríoch nó shéimh a úsáid. Cabhraíonn seo le daltaí a bheith níos oscailte agus iontaobhaí maidir le ceangail agus eispéiris dhearfacha le daoine fásta. Is éard a d'fhéadfadh a bheith i gceist lena bheith spraíúil ná ábhar spéise a chur in iúl trí ghníomhaíochtaí a roinnt leis an dalta, a bheith greannmhar nó súgradh taobh leo. Cé go bhféadfadh nach bhfuil spraíúlacht cuí ag amanna suaite, is féidir le spraíúlacht a bheith cabhrach chun meabhrúcháin ghearra a chur in iúl maidir le rud a raibh súil leis ar bhealach neamhbhagrach. Is féidir le freagairt le spraíúlacht cás teannais atá ag dul in olcas a fhuascailt freisin, mar gheall gur féidir náire nó frustrachas a d'fhéadfadh a bheith ar dhalta an tráth sin a laghdú, a dhéanann freagairtí cosanta a chosc.

Tuin éadrom ghutha, seachas tuineacha géara, cantalacha nó údarásacha.

Spéis a léiriú trí chumarsáid neamhbhriathartha, léiriú bog, ceann a chlaonadh, meangadh, do chorp a ísliú go dtí leibhéal an dalta.

Freagairt ó bhéal agus/ nó go neamhbhriathartha ar bhealaí bríomhara nó gealgháireacha.

A bheith solúbtha.



## Glacadh

Tosaítear le glacadh tríd an dalta a dheighilt óna n-iompraíocht agus trí cheangal le mothúcháin, smaointe nó braistintí an dalta gan bhreithiúnas agus gan neamhaird a thabhairt orthu, nó iad a chur ar a suaimhneas ar bhealach a thugann neamhaird orthu. Cothaíonn glacadh neamhchoinníollach leis na mothúcháin nó na smaointe a bhraitear ag an tráth sin braistint sábháilteachta dalta. Mar sin féin, ní chiallaíonn glacadh go nglacaimid nó go n-aontaímid i gcónaí le gníomhartha an dalta nó le tuiscint an dalta ar chás. Tá sé tábhachtach freisin gan cur in aghaidh nó teacht trasna ar léiriú an dalta ar an smaoineamh nó ar mhothúchán, fiú má chuirtear isteach ort an léiriú sin a chloisteáil. Ina ionad sin, aithin iad agus glac leo le fiosracht agus le hionbhá. Nuair a fhreagraítear ar an mbealach seo, cuireann an duine fásta tuiscint ar agus glacadh le ceart an dalta a mothúcháin a léiriú, agus cuireann siad in iúl don dalta agus tacaíonn siad leo teorainneacha a aithint d'iompraíocht ar scoil agus sa saol laethúil.

"Tuigim conas a cheapann tú go bhfuil sé seo míchothrom. Theastaigh uait súgradh ar feadh níos faide ach tá an t-am istigh. Is iontach go mbeidh deis agat arís amárach."

"Cloisim thú agus é á rá agat go bhfuil tú __________ agus go bhfuil tú ag mothú __________"

"Thug tú le fios dom go raibh tú an __________ nuair a bhí tú __________."

Gné an Chaidrimh



© CNOS 2025



## Fiosracht

Cuireann tú in iúl don dalta nuair a bhíonn tú fiosrach agus a bhíonn tuin chiúin ghlactha agat, gur mian leat an méid atá orthu a thuiscint agus go bhfuil tú sásta tacú leo. Cabhraíonn an fhíorfhiosracht agus an fíorthoilteanas seo leis an dalta feasacht a fhorbairt ar agus machnamh a dhéanamh ar conas a d'fhreagair siad agus conas a d'fhéadfadh a smaointe nó a mothúcháin tionchar a imirt ar an bhfreagairt seo. Tig le daoine fásta fiosracht a chur in iúl trí fhrásaí cosúil le "Ní fheadar an...?", seachas fiafraí den dalta "Cén fáth?", a thugann le fios go mbíonn súil leis go dtuigeann an dalta, go míneoidh siad agus go gcuirfidh siad na cúiseanna in iúl a bhí lena bhfreagairt. Nuair a dhéanaimid cumarsáid le fiosracht, cuirimid tús le comhrá níos séimhe agus níos oscailte.

"An féidir leat níos mó faoi sin a insint dom?"

"Nuair a bhí mé ag éisteacht leat, thosaigh mé ag smaoineamh ... An gceapann tú go bhfuil sé sin ceart?"

"Ní fheadar ar cheap tú ...?"



## Ionbhá

Is féidir le duine fásta a thugann le fios go dtuigeann siad dalta go maith agus go gcaitheann siad le mothúcháin an dalta mar rudaí tábhachtacha, difear mór a dhéanamh don bhealach is féidir leis an dalta sin foghlaim conas déileáil le strus. Trína bheith ionbháúil, tú féin a shamhlú i gcás duine eile agus a ligeann duit féin an méid atá á mhothú acu a mhothú tú féin, a bheith "leo" sa tráth ar leith sin agus a mothúcháin láidre a iompar agus guaim a choimeád orthu, déantar an bhunchloch a leagan do theagmháil a dhéanamh. Trína bheith ionbháúil don dalta, cuirtear in iúl dóibh gurb eol dúinn cé chomh deacair atá eispéireas dóibh agus nach gá dóibh déileáil leis an eispéireas deacair nó leis an mothúchán seo leo féin.

"Is cosúil go raibh sé an-deacair."


"Is dócha go gceapann tú go bhfuil an ghráin aige ort. Caithfidh go bhfuil sé sin an-deacair."

"Chuirfeadh sé sin frustrachas orm freisin nuair a bhíonn frustrachas orm, is gnách dom __________ a dhéanamh. Ar mhaith leat triail a bhaint as sin?"

Gné an Chaidrimh

 © CNOS 2025

## Glacadh agus Ionbhá




Nuair a úsáidtear le chéile iad, tá glacadh agus ionbhá sa bhealach a smaoiníonn, a mhothaíonn, a idirghníomhaíonn agus a iompraíonn daoine fásta i dtreo daltaí ar an rud is bunúsaí i dtaobh braistint sábháilteachta a fhorbairt do dhaltaí ar scoil. Mura ndéantar ach an dá ghné seo a chothú le chéile trí chumarsáid neamhbhriathartha agus ó bhéal, is féidir leis a bheith ina bhealach éifeachtach agus inrochtana chun tosú le cur chuige PACE a úsáid i do sheomra ranga.

> "Caithfidh go raibh an-eagla ort agus gur éalaigh tú dá bharr. Bhí mé an-bhuartha fút freisin; tá sé an-deas thú a bheith ar ais."

> "Tuigim go mbraitheann sé seo ródheacair le tosú anois.... Táim chun gach duine eile a thosú ag obair, agus fillfidh mé ort ina dhiaidh sin."


## Léitheoireacht Bhreise

**Dr Dan Hughes**





© CNOS 2025



# Gné an Fhiosraithe

Cuireann Gné an Fhiosraithe leis an méid a bunaíodh i nGné na Tuisceana agus i nGné an Chaidrimh le heolas a fhorbairt ar an dalta agus ar conas is féidir tacú leo leis na rudaí is mó a bhfuil súil acu a bhaint amach agus chun go ndéanfar foghlaimeoirí saineolacha díobh. Mar gheall go bhfuil eolas anois agat faoin dalta, a saol agus a n-ábhair spéise, is féidir teacht ar níos mó eolais faoin méid a spreagann iad san fhoghlaim agus na rudaí a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil uathu le bacainní ar a bhfoghlaim a laghdú. Fiosraigh an méid a bhfuil ag éirí go maith leis agus conas is féidir gnéithe tráthanna rathúla a úsáid chun níos mó tacaíochta a thabhairt don dalta.

## Ag Fiosrú – cá dtosaítear?

- Beidh léargas iontach faighte agat ar an dalta uathu féin agus na daoine timpeall orthu i nGné na Tuisceana agus i nGné an Chaidrimh. Glac an t-am le machnamh a dhéanamh ar conas a úsáidfidh tú an t-eolas seo le hathruithe dearfacha a dhéanamh.
- Níos mó eolais a fháil maidir le láidreachtaí an dalta, conas is féidir leat cur leo leis an dalta a dhearbhú agus le foghlaim a dhéanamh inrochtana, agus tacú leo chun go mbeidh siad ina bhfoghlaimeoir a bhfuil cumas gníomhúcháin acu.
- Ar aithin an dalta réimse ar mhaith leo obair orthu? Cuir na smaointe seo san áireamh in aon tacaíocht atá beartaithe.
- An bhfuil eolas ann faoin dalta agus faoina dteaghlach, faoi fhoireann nó gairmithe ábhartha eile a chuirfidh ar an eolas thú ar athruithe ar an timpeallacht? Fiosraigh na hathruithe seo go rialta leis an dalta lena chinntiú go leanann siad de bheith torthúil.
- Smaoinigh ar cad atá á mheasúnú agat agus ar conas atá sin á dhéanamh agat. Cuimhnigh go bhfuil 'an fáth' a thiteann iompraíocht amach á fhiosrú againn, mar sin is fearr measúnú maith a dhéanamh i réimse ina dteastaíonn tacaíocht ón dalta, e.g. litearthacht, teanga, seicliostaí céadfacha, seiceálacha timpeallachta. Úsáid Contanam Measúnaithe CNCM chun teacht ar an gcur chuige is fearr.
- Smaoinigh go hiomlánaíoch. Ní bhíonn iompraíochtaí ann leo féin ariamh, bíonn intinn chumarsáideach acu; smaoinigh go fairsing faoi na tacaíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil ón dalta seachas an iompraíocht a fhiosrú go grinn. Ní athrófar an chúis go dtarlaíonn an iompraíocht trí thacú leis an iompraíocht trí chúiteamh nó iarmhairtí. Fiosraigh é seo a fhairsinge agus is féidir.

| MEASÚNÚ IOMASACH | IDIRGHNÍOMHÚ PLEANÁILTE | IMEACHTAÍ MEASÚNAITHE |
|---|---|---|
| Neamhphleanáilte, neamhthaifeadta, agus leanúnach.<br>Is gnách nach eol do leanaí go bhfuil siad á measúnú. | Tá sé seo níos infheicthe, is féidir é a thaifeadadh, agus d'fhéadfadh sé a bheith bainteach le Torthaí Foghlama/inniúlachtaí.<br>D'fhéadfadh leanaí a bheith eolach nó aineolach go bhfuil siad á measúnú. | Imeachtaí ar leith, infheicthe taifeadta<br>Is gnách gurb eol do leanaí go bhfuil siad á measúnú. |
| SAMPLA<br>Ceisteanna cuí a chur le tacú leis an bhfoghlaim: A bheith solúbtha agus freagrúil nuair is léir gur bhain leanaí míthuiscint as | SAMPLA<br>Iarraidh ar leanaí léarscáileanna coincheapa a thógáil leis an tuiscint atá acu faoi láthair ar ábhar a chur in iúl; dul i gcomhairle le leanbh faoi phíosa oibre | SAMPLA<br>Tástálacha/tráth na gceist a chuir an múinteoir le chéile; measúnuithe caighdeánaithe a cuireadh le chéile go seachtrach; measúnuithe diagnóiseacha |

(CNCM)





© CNOS 2025

# Deir daltaí...

## Cuir ceist ar dhaltaí




## Sraith Straitéisí

- Uirlis Strusairí
- Uirlis a leagan amach Spriocanna atá Dírithe ar Réiteach
- Spriocanna a leagan amach atá dírithe ar an réiteach

# Acmhainní breise

- Bealaí Foghlama
- Leideanna CAST do Mheasúnú DUF
- Measúnú an CNCM (Bunscoileanna)
- Measúnú an CNCM (Iar-Bhunscoileanna)

# FGM an CNOS

Measúnú agus Ullmhú (Bunscoileanna)

Measúnú agus Pleanáil (Iar-Bhunscoileanna)

PEP-3 (Bunscoileanna)

T-TAP (Iar-Bhunscoileanna)

Ullmhúchán don Mhúineadh agus don Fhoghlaim do Dhaltaí a bhfuil Uathachas orthu (Bunscoileanna)

Pleanáil do Dhaltaí a bhfuil Uathachas orthu (Iar-Bhunscoileanna)

Pleanáil d'Iompraíocht Daltaí (Iar-Bhunscoileanna)


Pleanáil Tacaíochta Daltaí (Iar-Bhunscoileanna)

# Ceisteanna Athmhachnamhacha

- An bhfuil bealaí iolracha inar féidir le daltaí a bhfoghlaim a thaispeáint?
- An úsáideann tú measúnú go solúbtha nó an léirítear níos mó luacha ar aon saghas ar leith?
- An bhfuil daltaí agus a dteaghlaigh ar an eolas ar mheasúnú agus an dtugtar guth agus rogha dóibh ann?



 © CNOS 2025



## Dírithe ar Réiteach

Cur chuige atá dírithe ar athrú é Cleachtas Dírithe ar Réiteach a chabhraíonn le daoine bealaí a aimsiú chun dul chun cinn a dhéanamh ó chásanna deacra nó dúshlánacha trí dhíriú ar an méid a theastóidh amach anseo agus ar an méid a bhfuil ag éirí leis cheana féin, agus díriú ar réitigh, seachas ar fhadhbanna.

(Ajmal & Ratner, 2020)



Na rudaí is mó a bhfuil súil leo a fhiosrú. An méid a theastaíonn a dheimhniú agus na rudaí is mó a bhfuil súil leo a fháil amach i dtaobh difríochtaí nó torthaí.



'An rogha todhchaí' a fhiosrú. Na sonraí a fháil faoin méid ba mhaith linn a bheith ag titim amach.



Cásanna a shainaithint ina mbíonn an rath orainn agus láidreachtaí agus eisceachtaí ar an 'bhfadhb'. Tráthanna a aimsiú ina bhféadfadh an rogha todhchaí a bheith ag titim amach cheana féin chun gur féidir linn cur leis an méid a bhfuil ag éirí leis cheana féin.



Comharthaí beaga athraithe a shainaithint mar fhianaise ar dhul chun cinn amach anseo.



Tabhairt faoi chleachtas athmhachnaimh.




© CNOS 2025

## Leagan Amach Spriocanna atá Dírithe ar Réiteach



**Cad iad na rudaí is mó a bhfuil súil agat leo don dalta/na daltaí?**

**Cén difríocht a d'fhéadfadh é sin a dhéanamh?**



**Cad iad na rudaí is mó a bhfuil súil agat leo duit féin?**

**Cén difríocht a d'fhéadfadh é sin a dhéanamh?**

**An rogha todhchaí**




Cuir i gcás go mbaintear na rudaí siúd amach, conas a bheadh a fhios agat? Cad a thabharfá faoi deara a chuirfeadh in iúl duit gur tharla na hathruithe seo?

- Cad a d'fhéadfadh a bheith á dhéanamh difriúil ag an dalta, ar bhealach a rachadh chun a leasa?
- Cad a d'fhéadfadh a bheith á dhéanamh difriúil agat?



© CNOS 2025

## Láidreachtaí agus réitigh faoi láthair



Ar an scála, nuair is ionann 10 agus go mbaintear na rudaí is mó a bhfuil súil leo amach, agus 0 a mhalairt, cén áit atá bainte amach anois agat? Marcáil thíos.

0 ______________________________ 10
(na rudaí is mó a bhfuil súil leo)

Cén fáth go bhfuil an áit sin bainte amach cheana féin agat, seachas áit níos ísle? Liostaigh 5 rud.

- ______________________________
- ______________________________
- ______________________________
- ______________________________
- ______________________________

Marcáil cén áit a bheadh ina phointe ‘maith go leor’ ar an scála sin?


## Comharthaí beaga athraithe



Má bhogann tú suas leathphointe ar an scála sin ón áit a bhfuil tú anois, cad a bheidh sna chéad chomharthaí beaga eile athraithe a thaispeánann go bhfuil rudaí ag bogadh i dtreo atá cabhrach? Cad a thosóidh tú ag faire amach dó?

______________________________
______________________________
______________________________
______________________________

## Cleachtas athmhachnaimh



Spreagtar athbhreithniú agus machnamh leanúnach ar rudaí a bhfuil ag éirí go maith leo. Tosaigh ag faire amach do chomharthaí beaga athraithe, agus do ghnéithe is deas leat a thabhairt faoi deara?

______________________________
______________________________
______________________________
______________________________
______________________________





© CNOS 2025

## Athbhreithniú agus Machnamh atá Dírithe ar Réiteach

**Cad ar dheas leat a thabhairt faoi deara?**

**Cén difear a rinne sé sin?**

**Cad eile ar éirigh níos fearr leis?**

**Cén difear a rinne sé sin?**

**Cé eile a thug na hathruithe seo faoi deara?**

**Cén difear a rinne sé sin?**

**Cad a d'fhéadfadh a bheith ar na chéad chomharthaí athraithe eile?**




© CNOS 2025



# Gné an tSeomra Ranga

Cuimhsítear i nGné an tSeomra Ranga an timpeallacht agus na daoine a chruthaíonn pobal seomra ranga.

Aithnítear i gcur chuige Reggio Emilia ón Iodáil an timpeallacht mar 'an tríú múinteoir'; arb é an tuismitheoir an chéad cheann agus an múinteoir ranga an dara ceann. Is fiú machnamh a dhéanamh, dá bharr, ar an mbealach is fearr an timpeallacht a úsáid le hidirchaidreamh agus rannpháirtíocht bhríoch a chur chun cinn.

Smaoinigh ar **an bprionsabal Dearaidh Uilíoch don Fhoghlaim**. Trí mhodhanna eile idirchaidrimh, cur i bhfocail agus gnímh a sholáthar, laghdaímid bacainní atá ar fhoghlaim agus cothaímid cumas gníomhúcháin foghlaimeoirí ar féidir leo a dtimpeallacht a úsáid go solúbtha.

Is féidir le bearta réamhghníomhacha i dtimpeallacht an tseomra ranga, cosúil le:

| GNÁTHAMH | INTUARTHACHT | COMHSHEASMHACHT | IONCHAIS SHOILÉIRE |
|---|---|---|---|

seomra ranga rialaithe a chruthú agus tacú le daltaí a mhothú séimh, sábháilte agus réidh don fhoghlaim.

Más féidir le dalta súil a bheith le haistriú, b'fhéidir trí ghnáthamh nó sceideal leabaithe, tacaíonn an intuarthacht seo lena gcumas tosú ag rialú bunaithe ar an ngníomhaíocht a bheidh ag teacht aníos.

Ní bhraitheann daltaí chomh himníoch agus eaglach céanna i spás intuartha agus struchtúrach.
Is féidir le daltaí neamhspleáchas agus muinín a fhorbairt trí ghnáthaimh leabaithe.

## Straitéisí Praiticiúla

- féach lch 60 - mhol mé "Bualadh leo agus Beannú Dóibh" ach tá sin san uimhir iolra agus tá an uimhir uatha ag teastáil anseo gach dalta lena n-ainm ar maidin
- Iarr ar na daltaí comhoibriú agus cur le cinntí faoina seomra ranga agus a bhfoghlaim
- Cruthaigh timpeallacht intuartha struchtúrach chun tacú le haistrithe idir ceachtanna agus lena linn
- Cuir tús éasca leis an lá agus i ndiaidh sosanna
- Bíodh áit sa seomra ranga ina gcuirtear spás ciúin ar fáil do dhaltaí, e.g. mála pónairí, cúinne ciúin nó spás leabharlainne. Féach **Leathanach "Dathú Aireach" Relate** chun teacht ar ghníomhaíocht shuaimhneasach.
- Úsáid barr leabhragáin nó caibinéid mar stáisiún seasaimh, áit ar féidir le daltaí a roghnú seasamh fad a thugann siad faoi thascanna scríbhneoireachta
- Bí aireach ar an tranglam amhairc i spás an tseomra ranga. Déan machnamh ar cibé acu an dteastaíonn sé ón bhfoghlaim agus an mbaineann sé léi nó a mhalairt

## Deir daltaí...

Éisteann gach duine ar bhealach difriúil. Is féidir difear mór a dhéanamh le cead a bheith ag daltaí éisteacht ar bhealach difriúil, e.g. lámha a úsáid le méirínteacht nó fiú cniotáil/cróiseáil, agus iad ina suí ar bhealach difriúil, ina seasamh nó a gcosa á síneadh acu.

Dhéanfaí gnáthamh as dá léireofaí an fhoireann scoile agus iad ag glacadh sosanna.

Cuireann roinnt daltaí brú orthu féin i mblianta scrúduithe gan na sosanna riachtanacha a ghlacadh mar gheall go mbíonn strus orthu faoi rud éigin a chailleadh. Seiceáil leo lena chinntiú nach bhfuil an iomarca brú á chur acu orthu féin.

Ní bhíonn gluaiseacht i gceist le gach sos. Glactar roinnt díobh de bharr tuirse nó ar mhaithe le ciúnas nó chun stopadh agus nóiméad a chaitheamh ag idirghníomhú arís.

Sa chás gur féidir, scar amach tréimhsí a chaitear sa phasáiste, mar gheall go bhféadfaidís seo cur isteach ar roinnt daltaí.

Is fusa éirí aníos agus bogadh thart nó stuimeáil gan a bheith ag mothú cúthail má dhéantar gnáthchleachtas de ghluaiseacht sholúbtha.





© CNOS 2025

## An Seomra Ranga Taobh Amuigh

Is féidir leis an múinteoireacht agus foghlaim a dhéantar lasmuigh i dtimpeallachtaí nádúrtha tionchar dearfach a imirt ar rialú, forbairt shóisialta-mhothúchánach, spreagadh agus rannpháirtíocht san fhoghlaim (Becker, Lauterbach, Spengler agus Dettweiler, 2017; Mann *et al.*, 2021). Is féidir an seomra ranga taobh amuigh a fhiosrú agus d'fhéadfadh sé tairbhí a sholáthar i ngach comhthéacs.

Cuirtear beocht i bhfoghlaim taobh amuigh i ngnáthábhair laethúla, cosúil le léitheoireacht, matamaitic nó eolaíocht trí ghlacadh le cur chuige cinéistéiseach, céadfach, agus eispéireasach i leith foghlama (Lieberman agus Hoody, 1998).

Cruthaítear deiseanna uathúla do dhaltaí i dtimpeallacht an dúlra atá saibhir ó thaobh céadfaí de

- Ceangal lena dtimpeallacht
- Freastal ar eispéiris uathúla thadhlacha, amhairc agus chumhra an domhain nádúrtha
- A bheith fiosrach agus samhlaíoch
- Rudaí a chruthú agus a thógáil trí ábhair nádúrtha a úsáid

Rachaidh sé chun tairbhe daltaí ar gach aois deiseanna a thapú an dúlra a chuimsiú i ngníomhaíochtaí múinteoireachta agus foghlama.

Chun teacht ar smaointe do gach raon aoise, caith súil ar **Outdoor Learning – Education Scotland** agus **Learning Through Landscapes**

## Ábhair Amhairc sa Seomra Ranga

- Úsáid iad le lipéadú
- Úsáid iad le treorú
- Úsáid iad le sceidealú
- Úsáid iad lena thaispeáint cathain a tharlóidh athrú
- Úsáid iad le treoracha a liostáil
- Úsáid iad le limistéir a chruthú sa timpeallacht
- Úsáid iad leis an méid a bhfuil súil leis a thaispeáint
- Úsáid iad le ham a thaispeáint
- Úsáid iad le roghanna a chur ar fáil

### Sraith Straitéisí

- **Timpeallacht Fhisiciúil an tSeomra Ranga an CNOS**
- **Uirlis Scagtha Chéadfaigh Seomra Ranga an CNOS**
- **Tacaíochtaí Amhairc an CNOS laistigh de Thimpeallacht Ionchuimsitheach Foghlama**
- **Sosanna Gluaiseachta an CNOS sa Seomra Ranga Iar-Bhunscoile**
- **Spásanna Céadfacha an CNOS**
- **An Tuarascáil Seomraí Ranga Cliste**
- **Teimpléad Ullmhaigh, Déan, Déanta an CNOS**
- *Calm, Alert and Learning* le Stuart Shanker
- *Self-Reg Schools: A Handbook for Educators* le Stuart Shanker agus Susan Hopkins
- *The Kid's Guide to Staying Awesome and In Control* le Lauren Brukner




© CNOS 2025

### FGM CNOS

Bunphrionsabail TEACCH Struchtúrach

Modheolaíochtaí Teagaisc Amhairc Struchtúracha Múinteoireachta

Iompraíocht a Thuiscint (Bunscoileanna)

Bealaí chun Coisc

Iompraíocht Dhearfach a Chur chun Cinn don Fhoghlaim (Iar-Bhunscoileanna)

## Ceisteanna Athmhachnamhacha

- An bhfuil deiseanna ann do ghníomhaíochtaí foghlama ilchéadfacha nó gluaiseachtbhunaithe a bhaineann leis an méid atá á mhúineadh agat.
- An bhfuil solúbthacht ann i dtaobh cén suíomh ina bhfuil daltaí i gcaitheamh an lae? An féidir leo seasamh, suí nó bogadh thart ag amanna éagsúla?
- An féidir leat spás an tseomra ranga a chriosú do ghníomhaíochtaí éagsúla? Mar shampla, ruga le suí air mar ghrúpa, mála pónairí le scíth a ghlacadh air, stáisiúin seasaimh chun go seastar agus scríbhneoireacht ar siúl?
- Breathnú ar an timpeallacht fhisiciúil ó pheirspictíocht an dalta.
  - An bhfuil timpeallacht fáilteach agus te?
  - An bhfuil na hacmhainní a bhfuil gá leo ar fáil agus éasca le teacht orthu?
  - An bhfuil an troscán ar an méid ceart do gach duine a bheidh ann
  - An bhfuil gach rud infheicthe ó gach suíomh ina bhfuil na daltaí?




© CNOS 2025



# Gné na Múinteoireachta

## Inathraitheacht Foghlaimeora agus Bacainní a Bhaint

Is eol dúinn anois, cosúil le méarloirg, nach ionann aon dá inchinn. Níl aon bhealach amháin ann ina bhfreagraíonn an inchinn do thasc nó do ghníomhaíocht. Is féidir bacainní sa timpeallacht foghlama a bhaint trí:

- Súil a bheith le hinathraitheacht foghlaimeoirí.
- Bealaí solúbtha a sholáthar do dhaltaí spriocanna foghlama a bhaint amach
- Go leor bealaí idirchaidrimh, léirithe agus gnímh/cur i bhfocal a sholáthar (féach **Prionsabail an DUF**)

Trí seo a dhéanamh, is féidir linn cur le cumas dalta rialú agus páirt a ghlacadh ina bhfoghlaim níos rathúla.

*Nuair atá strusairí á laghdú againn le hidirchaidreamh agus rannpháirtíocht a mhéadú, tá sé tábhachtach bacainní a bhaint seachas éilimh leo féin a laghdú.*

Cé go bhfuil bacainní a bhaint sa timpeallacht foghlama tairbhiúil do chách, beidh sé bunriachtanach do roinnt daltaí. Cinntíonn seo go bhfuil an cumas gníomhúcháin ag gach foghlaimeoir a bhíonn riachtanach le bheith rathúil. Is é an sprioc ná timpeallacht foghlama a chruthú ina bhfuil ár ndaltaí cuspóireach agus spreagtha, seiftiúil agus eolach, agus straitéiseach agus dírithe ar spriocanna.

### Straitéisí Praiticiúla

Tá sé tábhachtach labhairt le daltaí agus an méid a deir siad linn a chur san áireamh. Cuimhnigh, is eol dóibh na rudaí a bhfuil agus nach bhfuil ag éirí leo iontu ina dtimpeallacht. Tosaigh leis an méid a deir siad leat.

Ní liosta iomlán atá sa mhéid seo a leanas agus braitheann sé ar na daoine aonair ar a bhfuil an phleanáil dírithe, ach i measc cuid de na straitéisí ábhartha chun tacú le daltaí, tá:

## Cuir ar Fáil Go Leor Bealaí Rannpháirtíochta

- A bheith soiléir i dtaobh ionchas agus rialacha, agus a bheith solúbtha ag an am céanna chun freagairt d'inathraitheacht agus do rialú an dalta
- Comhoibriú le daltaí chun tascanna, gníomhaíochtaí agus an timpeallacht foghlama a chomhdhearadh
- Ionchais agus rialacha a léiriú ar mhodh amhairc
- Scileanna a léiriú
- Sceidil, seicliostaí, leideanna agus comharthaí a úsáid
- Insintí sóisialta a úsáid le daltaí a ullmhú
- Cruthaigh gnáthaimh a chothaíonn intuarthacht agus comhsheasmhacht
- Athraigh na héilimh shóisialta atá i gceist i dtascanna agus gníomhaíochtaí ranga




© CNOS 2025

- Ag tacú le haistrithe i rith an lae scoile
  - trí sceidil agus amadóirí a úsáid
  - meabhrúcháin ó bhéal a sholáthar
  - tabhair am le heolas a phróiseáil nó a shú isteach
- Leag spriocanna amach le chéile agus an féach lch 66 – teideal eile molta agam – Uirlis le haghaidh Spriocanna atá Dírithe ar Réiteach a Shocrú á húsáid, taispeáin iad ar bhealaí éagsúla agus pléigh conas iad a bhaint amach le chéile.
- Leag béim ar an bpróiseas agus ar iarracht, smaoinigh faoin Meon Fáis sa phrionsabal Folláine.
- Tabhair aiseolas ar an Meon Fáis
- Bí solúbtha ó thaobh am a chaitheamh ag rialú i rith tascanna, léirigh an gá atá le rialú le cur isteach nó tuirse a shárú i rith tascanna
- Criosaigh an seomra ranga leis na limistéir éagsúla atá ar fáil a thabhairt le fios leis an tasc a chríochnú, e.g. an stáisiún seasaimh, limistéar gearrshosa etc.
- Aithin an comhthéacs – d'fhéadfadh rud atá spreagúil nó riachtanach i gcomhthéacs nó ag am amháin athrú nó d'fhéadfadh nach bhfuil sé bainteach i gcomhthéacs eile.
- Cinntigh go bhfuil an timpeallacht agus na gníomhaíochtaí ionadaíoch ó thaobh cultúir agus mealltach do chách.

## Cuir ar Fáil Go Leor Bealaí Léirithe

- Taispeáin íomhánna i bhformáid sholúbtha – smaoinigh faoi chlómhéid, formáid, formáid amhairc nó fuaime, tá go leor féidearthachtaí ann agus braitheann siad ar na foghlaimeoirí a n-oibríonn tú leo
- Cur chuige cumarsáide iomláine a úsáid
- Roghanna eile ar théacs a sholáthar, cosúil le grianghraif agus earraí tagartha
- Stór focal a mhúineadh roimhe ré agus tacú leis le hábhair amhairc
- Léiriú eile a sholáthar nuair atá coincheapa á múineadh, e.g. téacs agus stiallghreannán, léaráid agus físeán
- Tascanna a bhriseadh síos ina gcéimeanna beaga, féach: An straitéis **Ullmhaigh, Déan, Déanta**
- Úsáid uirlisí aistriúcháin dhigitigh, nuair is gá
- Cuir eolas roimh ré i ngníomh ar ábhair trí phlé, irisleabhair, meabhairmhapaí, cairteacha KWL agus bealaí eile
- Déan treoracha a roinnt le tascanna a bhainistiú, féach **Goblin Magic To-do Manager**
- Cuir ar fáil go leor bealaí éagsúla le nótaí a ghlacadh agus foghlaim, e.g. nótaí Post-It, meabhairmhapaí, cláir bhána bheaga nó roghanna digiteacha
- Cinntigh go léirítear peirspictíochtaí éagsúla agus gur léiriú casta agus fíor iad.
- Ceadaigh uirlisí téacs go teanga, nuair is féidir

## Cuir ar Fáil Go Leor Bealaí Gnímh agus Léirithe

- Cuir teicneolaíochtaí malartacha ar fáil, cosúil leis an léitheoir tumthach ar Microsoft 365, féach **Físeán**
- Soláthair meáin iolracha le coincheapa a fhoghlaim, e.g. ábhair inláimhsithe matamaitice, físeáin/cuir i láthair sleamhnán, léaráidí etc.
- Cuir ar fáil uirlisí don chruthú e.g. scéalchláir, téacs go teanga, tosaitheoirí abairte, áireamháin etc.
- Úsáid cómhúinteoireacht le níos mó deiseanna caidreamhacha a sholáthar
- Socraigh spriocanna; leag intinní comhoibritheacha amach do thascanna agus ceachtanna agus úsáid an féach lch 66 do spriocanna níos fairsinge.
- Tabhair aiseolas éagsúil, e.g. glórnóta, nóta scríofa, ceannteidil.
- Cuir ar fáil seicliostaí le daltaí a threorú trí thascanna, is féidir iad seo a oiriúnú don duine aonair e.g. earraí fisiciúla nó liostaí ticbhosca.
- Úsáid eagraithe grafacha le heolas a eagrú nó mar áiseanna do dhaltaí le tascanna a bhainistiú
- Múin scileanna breactha nótaí agus cuir go leor bealaí ar fáil chun é sin a dhéanamh

# Ullmhaigh, Déan, Déanta

Uirlis pleanála feidhme feidhmiúcháin é Ullmhaigh, Déan, Déanta a thacaíonn le daltaí tuiscint a fhorbairt ar na gnéithe agus an próiseas ina ndéantar gníomhaíocht ilchéime sheicheamhach. Tacaítear sa chreat seo leis an smaointeoireacht amach anseo, ar gné í d'fheidhmiú feidhmiúcháin, lena n-áirítear an cumas pleanála, iompraíocht a eagrú agus a bhainistiú chun tascanna a dhéanamh laistigh d'amfhráma. Is féidir é a úsáid leis an rang iomlán, le grúpa nó le dalta aonair.

Tosaítear an próiseas ina n-úsáidtear an uirlis seo agus aird ar an gcríoch, ag samhlú a mbeidh i gceist leis an tasc nuair a bheidh sé críochnaithe. Oibrítear trí na céimeanna seicheamhacha ina dhiaidh sin chun rudaí a dhéanamh ("Déan") agus, ar deireadh, eagraítear acmhainní chun rudaí a ullmhú ("Ullmhaigh").

Tá an uirlis dathchódaithe le buí le haghaidh 'Ullmhaigh', glas le haghaidh 'Déan' agus dearg le haghaidh 'Déanta'. Is féidir é a úsáid le rudaí fisiciúla, nótaí Post-it, é a scríobh amach, a tharraingt nó a dhéanamh go digiteach, ach ba cheart go mbeadh sé dathchódaithe agus san ord i gcónaí a thugtar thíos:

- Taispeánann agus léiríonn múinteoirí a bhfuil i gceist le '***Déanta***'.
- Déanann daltaí fadhbréiteach leis an múinteoir i dtaobh na gcéimeanna a theastaíonn lena spriocanna a bhaint amach agus na céimeanna agus an méid ama a thugtar sa mhír ***Déan*** a shainaithint le chéile.
- Deimhníonn daltaí ansin na hábhair ábhair a theastaíonn chun an tasc a dhéanamh sa cholún ***Ullmhaigh***.
- Iarrtar ansin ar dhaltaí na hábhair siúd a bhailiú go neamhspleách, agus an tasc a dhéanamh san ord: ***Ullmhaigh, Déan, Déanta***.
- Sa chéim dheiridh déantar comparáid idir an toradh deiridh agus an plean, a léirítear trí mhodh amhairc in ***Déanta***.

| **3. Ullmhaigh** | **2. Déan** | **1. Déanta?** |
|---|---|---|
| Cad a theastaíonn uaim? | Cad is gá dom a dhéanamh le go mbeadh an tasc déanta?<br>Cé chomh fada a ghlacfaidh gach céim? | Cén chuma a bheidh air nuair a bheidh críochnaithe agam? |
| | | |
| **4.** | **5.** | **6.** |





© CNOS 2025

## Deir daltaí...

> Nuair a thugtar treoracha, is iontach é a scríobh síos freisin. Ciallaíonn sé go bhfuil rud éigin againn le filleadh air má tá sé deacair orainn gach rud a phróiseáil in aon am amháin nó má chaillimid céim nó mura dteastaíonn uainn ach seiceáil siar ar an méid is gá dúinn a dhéanamh.

> Tá sé iontach na nótaí a fháil roimh an rang, déanann seo difríocht an-mhór!



> Úsáid an teicneolaíocht atá ann cheana féin! Má tá cuntais ríomhphoist ag an scoil do dhaltaí, úsáid iad leis an obair bhaile a sheoladh, treoracha a thabhairt nó leis na daltaí a chur ar an eolas faoi athrú ar phlean roimh ré, e.g. beidh an rang á mhúineadh ag múinteoir ionaid.

## Sraith Straitéisí

- Pleanálaí Móide a hAon CNOS
- Teimpléad Ullmhaigh, Déan, Déanta CNOS
- **Treoirlínte DUF CAST**
- **Pleanálaí Céim ar Chéim: Dearadh Ceachtanna DUF**: Tacú le ceachtanna a phleanáil atá DUF-lárnaíoch a bhfuil teimpléad pleanála ar fáil dóibh
- **Bealaí Tacaíochta Breise an CNCM**
- **Treoirlínte Measúnaithe an CNCM**
- **Feidhmiú Feidhmiúcháin: Scileanna Feidhme Feidhmiúcháin a Fheabhsú agus a Chleachtadh le Leanaí ó Naíonacht go hÓgántacht**: Acmhainn ó Ollscoil Harvard ina bhfuil gníomhaíochtaí feidhmithe feidhmiúcháin do gach céim forbartha.
- **An Dr Shelley Moore: Shifting to strengths based and inclusive IEPeas**
- **Turning differentiation on its head with Catrina Lowri "Good differentiation should be for everyone"**



 © CNOS 2025

## FGM an CNOS

Ceol, Drámaíocht agus Ealaín Ionchuimsitheach d'Fhoghlaimeoirí a bhfuil Uathachas orthu

Múinteoireacht agus Foghlaim Ionchuimsitheach (Iar-Bhunscoileanna)

Cuir Chuige Múinteoireachta agus Foghlama do Dhaltaí a bhfuil Géardheacrachtaí/Deacrachtaí Troma Ginearálta Foghlama acu

Daltaí ar a bhfuil Siondróm Down a Mhúineadh

Daltaí ar a bhfuil Gortú Inchinne Faighte a Mhúineadh

Daltaí a bhfuil Deacrachtaí Litearthachta acu, Disléicse san áireamh, a Mhúineadh

Lagú Radhairc: Ag Tacú leis an Múinteoireacht agus Foghlaim

# Ceisteanna Athmhachnamhacha

- An bhfuil m'ionchais i leith idirchaidreamh agus rannpháirtíocht daltaí i ngníomhaíochtaí múinteoireachta agus foghlama réalaíoch maidir le 'Crios na Forbartha Neasaí' na ndaltaí?
- An gá dom breathnú ar mo dhaltaí, seicliostaí nó measúnuithe foirmiúla a aimsiú i mo scoil a d'fhéadfadh cabhrú liom a dheimhniú cad is féidir le mo dhaltaí a dhéanamh gan chabhair agus cad is féidir leo a dhéanamh le tacaíocht thar raon réimsí éagsúla?
- Nuair atá gníomhaíochtaí múinteoireachta agus foghlama á bpleanáil, an bhfuil bealaí solúbtha á soláthar agam do mo dhaltaí comhsprioc a bhaint amach?
- An gcothaím solúbthacht agus rogha sa bhealach a thugann daltaí faoina bhfoghlaim? An úsáidim bealaí ilchineálacha leis an eolas nua a roinnt (ó bhéal, go hamhairc, go coincréiteach) agus an soláthraím roghanna ilchineálacha do dhaltaí a thaispeáint dom a bhfuil foghlamtha acu?
- An dtugaim faoi deara nuair a thosaíonn mo dhaltaí ag éirí mírialaithe i rith múinteoireachta agus foghlama? An bhfuil mé solúbtha go leor chun freagairt ar bhealach tacúil, ar bhealach a thaitneodh leis an dalta?




© CNOS 2025

## Cur Chuige Móide a hAon


Scríobh aon athrú a dhéanfaidh tú i dtreo d'fhíse. Úsáid an uirlis seo le do chéimeanna a thaifeadadh i dtreo d'fhíse, gníomh amháin (gach seachtain, mí, téarma nó bliain) ag an am.

Ar aithin tú an bhacainn? → Móide a hAon → Cén difear a rinne sé sin? → Cad é an chéad rud eile?

| Sprioc | An méid atá á dhéanamh agam faoi láthair | Mo Mhóide a hAon (an tseachtain/an mhí/an téarma/an bhliain seo) | An tseachtain/an mhí/ an téarma/an bhliain seo chugainn |
|---|---|---|---|
| *e.g. gach dalta a chur san áireamh nuair atá téacsanna á léamh* | *Tugtar a gcóip féin den úrscéal agus nótaí roimh ré do gach dalta* | *Tugtar a gcóip féin den úrscéal agus nótaí roimh ré do gach dalta*<br><br>*I mbliana:*<br>*Soláthair leagan úrscéil ghrafaigh den téacs* | *Tugtar a gcóip féin den úrscéal agus nótaí roimh ré do gach dalta*<br><br>*Soláthair leagan úrscéil ghrafaigh den téacs*<br><br>*An bhliain seo chugainn:*<br>*Soláthair leaganacha fuaime den téacs do dhaltaí* |
| | | | |
| | | | |


© CNOS 2025

## Teanga agus Cumarsáid






## RUTC

Scáth-théarma é riachtanais urlabhra, teanga agus chumarsáide (RUTC) ina gcuimsítear próifílí iolracha éagsúla daltaí, lena n-áirítear daltaí ar a bhfuil uathachas, a dhéanann stadaireacht, ar a bhfuil neamhord fuaime urlabhra, gutha, nó teanga a bhaineann le riocht eile. Is féidir diagnóis éagsúil a bheith ag daltaí agus/nó tiocfaidh iad seo faoin scáth-théarma RUTC má tá riachtanais shainaitheanta urlabhra, teanga agus chumarsáide sa diagnóis agus/nó bainteach leis an diagnóis seo.

Is féidir le daltaí ag a bhfuil RUTC deacrachtaí a bheith acu le:

- Rochtain ar an gcuraclam
- Gnóthachtáil acadúil
- Litearthacht agus uimhearthacht
- Deiseanna gairme
- Caidreamh sóisialta le daoine fásta agus piaraí
- Forbairt iompraíochta agus mhothúchánach

## Leitheadúlacht RUTC

Is minic go ndéantar daltaí ag a bhfuil RUTC a thearcaithint i scoileanna. D'fhéadfadh daltaí a bhfuil deacrachtaí nó difríochtaí acu lena n-urlabhra, teanga nó scileanna cumarsáide a bheith leochaileach, ar an ábhar sin, go gceaptar gur 'iompraíocht' atá ina riachtanais, seachas RUTC a shainaithint mar strusaire féideartha a chuireann le mírialú agus a chuireann bac ar rochtain ar an gcuraclam. Nuair a chuirimid san áireamh a choitianta atá RUTC agus a mhéid teanga a nochtar daltaí di, tá sé ríthábhachtach go bhfuil na tacaíochtaí cearta i bhfeidhm i scoileanna chun tacú le daltaí an rath a bhaint amach.




© CNOS 2025

Glactar leis go hidirnáisiúnta go bhfuil RUTC ag 10% den daonra. Tá an figiúr seo i bhfad níos airde i gceantair faoi mhíbhuntáiste sóisialta, áit a mbíonn RUTC ag suas le 50-60% de dhaltaí ar iontráil na scoile dóibh. Tá neamhord forbartha teanga (DLD) ar thart ar 7% de dhaltaí.

Tá RUTC ag ar a laghad 3% de dhaltaí atá nasctha le riochtaí eile, lena n-áirítear ar a bhfuil uathachas nó a bhfuil deacrachtaí foghlama ginearálta acu nó daoine atá bodhar/a bhfuil moill éistigh orthu. Tá RUTC de mhéid áirithe ag formhór na ndaltaí a bhfuil riachtanais bhreise acu. As na daltaí seo, tá an RUTC is mó agus is casta ag thart ar 1% a chuireann cosc orthu a mbunriachtanais a léiriú.

## Bonn Fianaise an Tionchair a imríonn RUTC

Léirítear sna staidéir seo a leanas an tionchar is féidir le RUTC a imirt ar dhalta:

Sainaithníodh i dtaighde idirnáisiúnta go bhfuil RUTC ag 50-80% de dhaltaí a bhfuil deacrachtaí iompraíochta acu (Bryan Freer agus Furlong, 2007; Snow agus Powell, 2008).

Tugtar le fios i dtaighde freisin go bhfuil naisc mhóra idir RUTC, iompraíocht agus deacrachtaí acadúla (Beitchman et al., 2001; Locke, Ginsborg *et al*., 2002; Smart *et al*., 2003).

Deimhníodh i staidéar sa Ríocht Aontaithe go raibh RUTC ag 66% d'fhir a fágadh ar lár ar leibhéal iar-bhunscoile (Clegg *et al*., 2009).

Deimhníodh i staidéar a rinneadh in Éirinn go raibh RUTC ag 95% de dhaltaí iar-bhunscoile a raibh tacaíocht leibhéal 3 á fáil acu d'iompraíocht (Murphy, 2011).

Deimhníodh i staidéar sa Ríocht Aontaithe go bhfuil RUTC ag 46-67% d'ógchiontóirí (Bryan *et al*., 2007).

Tá dóchúlacht ceithre huaire níos mó ann go mbeidh leanaí ar bheagán stór focal ag cúig bliana d'aois ag streachailt leis an léitheoireacht ina n-aosacht agus dóchúlacht trí huaire níos mó ann go mbeidh saincheisteanna meabhairshláinte acu (Law *et al*., 2017).

### Chun teacht ar eolas breise ar RUTC

- **An Introduction Físeán an CNOS: Urlabhra, Teanga agus Cumarsáid – Tús Eolais**
- **Físeán an CNOS: Ag Tacú le RUTC sa Seomra Ranga Bunscoile – Straitéisí Simplí**
- **Físeán an CNOS: Neamhord Forbartha Teanga – Cad atá ann?**
- **Riachtanais Urlabhra, Teanga agus Chumarsáide**
- **Seicliosta Próifílithe Cumarsáide do Bhunscoileanna**
- **Seicliosta Próifílithe Cumarsáide d'Iar-Bhunscoileanna**

## Straitéisí chun Tacú le Teanga agus Cumarsáid Daltaí







© CNOS 2025





## Straitéisí chun Tacú le Teanga agus Cumarsáid Daltaí

Tá cur i bhfeidhm ábhar amhairc mar chuid de chur chuige Dearaidh Uilíoch don Fhoghlaim (DUF). Is éard atá i gceist le 'straitéisí amhairc', 'tacaíochtaí amhairc', nó le 'ábhair amhairc' ná earraí, earraí tagartha, grianghraif, comharthaí, scríbhneoireacht, taispeáint fhisiciúil, siombailí nó pictiúir a úsáid ar bhealach a thacaíonn le tuiscint, léiriú agus ionchuimsiú sóisialta agus rannpháirtíocht, anuas ar thimpeallacht foghlama ionchuimsitheach a chruthú do dhaltaí.

Tá teanga neamhbhuan; nuair a deirtear rud éigin ó bhéal, is féidir an teachtaireacht a chailleadh mura bpróiseáiltear láithreach í. Tacaíonn ábhair amhairc le gach dalta. Tugtar le fios go n-úsáideann scoláirí nach bhfuil riachtanais bhreise tacaíochta acu amchláir amhairc chomh minic leo siúd a bhfuil riachtanais bhreise acu (Rutherford *et al*., 2020). Léiríonn seo dúinn go dtéann na hábhair amhairc a chuirimid i bhfeidhm do dhaltaí a bhfuil riachtanais bhreise acu chun tairbhe gach dalta i seomraí ranga go mór mór agus gur cheart iad a úsáid mar straitéis uilíoch ranga uile.

### 9 gCÚIS LE hÁBHAIR AMHAIRC A ÚSÁID




Is féidir le hábhair amhairc cabhrú le **tuiscint daltaí** ar:

- Treoracha an mhúinteora
- Tascanna agus gníomhaíochtaí
- Gnáthaimh (agus athruithe ar ghnáthaimh)
- Ábhar an churaclaim
- Coincheapa agus stór focal teanga

Is féidir le hábhair amhairc cabhrú le **tacú le daltaí** maidir le:

- Eagrú agus cuimhne
- Féinbhainistiú
- Tuiscint ar idirghníomhú sóisialta




© CNOS 2025

## An Moladh is Fearr chun Tacaíochtaí Amhairc a Chur i bhFeidhm

### Caighdeánaigh

Cinntíonn ábhair amhairc a chaighdeánú ar fud na scoile iomláine nach n-iarrtar ar dhaltaí na tacaíochtaí amhairc a athfhoghlaim nuair a athraíonn siad rang nó múinteoir.

### Bí Comhsheasmhach

Cinntigh go n-úsáideann gach ball foirne, e.g. múinteoir ranga, CRS agus MOS (Múinteoir Oideachais Speisialta) an tacaíocht amhairc ar an mbealach céanna gach uair, go háirithe nuair a thugtar an tacaíocht amhairc isteach i dtosach.

### Déan Arís agus Arís Eile É

B'fhéidir gur gá an tacaíocht amhairc a úsáid agus a dhéanamh arís agus arís eile sula dtabharfar tairbhí agus éifeachtaí na tacaíochta amhairc faoi deara.

### Déan Ábhair Amhairc Idirghníomhach

Déan tagairt do na tacaíochtaí amhairc agus déan idirghníomhú leo i gcaitheamh an lae. Cruthaítear tacaíochtaí amhairc go ndéantar idirghníomhú leo.

### Bíodh sé Bríoch

Bíodh ábhair amhairc bríoch agus feidhmiúil i gcónaí don ghrúpa ranga. Roghnaigh tacaíocht amhairc atá bunaithe ar riachtanais, ábhair spéise agus eispéiris foghlama an ghrúpa ranga.

### Déan Ábhair Amhairc Inrochtana do Chách

Seachain an iomarca tranglam amhairc sa seomra ranga. Cinntigh go mbíonn teacht ag gach dalta ar ábhair amhairc, déan machnamh ar thacaíochtaí amhairc a mhéadú, clómhéideanna a mhéadú nó ar ábhair amhairc aonair a sholáthar do dhaltaí a bhfuil riachtanais bhreise acu.

### Smaoinigh ar an Áit a gCuirtear Iad

Smaoinigh ar an áit a gcuirtear ábhair amhairc – cinntigh go mbíonn siad le feiceáil go soiléir ag gach dalta trí iad a chur in áiteanna feiceálacha ar leibhéal na súl.

### Cuir Guth na Scoláirí san áireamh

Fiafraigh go leanúnach de na scoláirí faoin úsáid a bhaintear as tacaíochtaí amhairc faoi láthair agus faoi conas a chuirtear i ngníomh iad. Cuir ceisteanna ar na daltaí, cosúil le "an féidir leat a thuiscint cad is brí leis an ábhar amhairc?", "an féidir leat an t-ábhar amhairc a fheiceáil go soiléir?"





© CNOS 2025




## Straitéisí Stóir Focal chun Tacú le Teanga agus Cumarsáid Daltaí


Is é stó focal a fhoghlaim ná ceann de na fadhbanna is mó a bhíonn ar dhaltaí a bhfuil Riachtanais Urlabhra, Teanga agus Chumarsáide (RUTC) acu, (Bishop, 1997; Gathercole, 1993; Sim, 1998).

Is é stór focal bloc tógála na teanga. Gan bunscileanna maithe stóir focal, is dóchúil go mbeidh deacrachtaí níos déanaí i réimsí eile na teanga agus na foghlama, agus san iompraíocht, go minic. Tá sé tábhachtach ag an bpointe seo béim a leagan air go dtagraíonn stór focal d'fhriotal eispriseach agus do ghabhchumas teanga araon. Ceaptar uaireanta, nach dtagraíonn stór focal ach do na focail a deirimid, ach baineann stór focal freisin lenár dtuiscint agus leis an bpróiseáil a dhéanaimid ar fhocail a chloisimid.

## Cur Chuige STAR

Maidir le go leor daltaí ní leor brath ar fhocail a fhoghlaim go teagmhasach. Bealach éifeachtach amháin le stór focal a mhúineadh is ea glacadh le cur chuige **STAR (Select, Teach, Activate, Review)** atá bunaithe ar obair Parsons agus Branagan (2017) agus a úsáidtear in idirghabháil TalkTime CNOS, a dtagraítear di i gCuraclam Teanga na Bunscoile.

Forbairt Stóir Focal




Is éard a bhaineann le STAR ná:

- Roghnaigh an stór focal is áisiúla (i.e. meastar gur focail fíoráisiúla iad focail Shraith 2 mar gheall go gcuireann siad le tuiscint choincheapúil agus gur dóchúil go dtiocfar orthu in go leor comhthéacsanna, ceachtanna éagsúla agus i dteanga labhartha agus scríofa, e.g. míniú, plé, rangú, ádhmharach, an-ghreannmhar, ar leith, aeráid etc.) ina measc.
- Múin an stór focal atá roghnaithe agat ar bhealach struchtúrach.
- Cuir an bhrí i ngníomh trí na focail a úsáid i gcomhthéacs.
- Athbhreithnigh na focail a mhúintear lena chinntiú go gcoimeádtar chun cuimhne iad.

Is féidir an cur chuige STAR a úsáid chun tacú le forbairt stóir focal daltaí ar leibhéal uilíoch, spriocdhírithe nó duine aonair sa chontanam tacaíochta, agus i measc scoileanna speisialta, bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna.

I measc na nAcmhainní Stóir Focal is féidir a úsáid le hábhair a sholáthar agus/nó chun tacú le forbairt stóir focal, tá:

### Bunscoileanna

- **TalkTime:** An CNOS agus Curaclam ar Líne
- TalkBoost (Eochairchéim 1 do leanaí aois 4-7/ Eochairchéim 2 do leanaí aois 7-10)
- Word Aware: Teaching Vocabulary Across the Day Across the Curriculum le Stephen Parsons agus Anna Branagan/Word Aware 2: Teaching Vocabulary Across the Early Years le Stephen Parsons agus Anna Branagan
- Bringing Words to Life: Robust Vocabulary Instruction by Beck, McKeown agus Kucan

### Iar-Bhunscoileanna

- Idirghabháil struchtúrach atá in Vocabulary Enrichment Intervention Programme (Victoria Joffe) le scileanna stóir focal a fhorbairt i measc daltaí ar aois iar-bhunscoile
- Cur Chuige STAR (Roghnaigh, Múin, Gníomhachtaigh, Athbhreithnigh). Bunaítear seo ar Word Aware, obair Parsons agus Branagan (2017)
- Samhail Frayer





© CNOS 2025

3

LEIDEANNA GINEARÁLTA

## Leideanna Ginearálta chun Tacú le Teanga agus Cumarsáid sa Seomra Ranga

### Stop agus Luas Urlabhra

Stop ar feadh suas le 10 soicind tar éis treoracha/eolas a thabhairt le ham a thabhairt do dhaltaí an teanga a phróiseáil. Bíonn cabhrach ráta níos moille urlabhra a úsáid freisin. Bíonn an ráta urlabhra oiriúnach don mhúinteoireacht níos moille ná an ráta urlabhra a úsáidtear do chomhrá le comhghleacaithe/cairde.

### Déan Arís agus Arís Eile É

Abair an abairt nó na heochairfhocail arís le ham a thabhairt don dalta an méid a dúradh a phróiseáil agus a thuiscint. Cruthaigh cultúr i do rang a spreagann daltaí a sheiceáil agus a shoiléiriú (e.g. athrá a iarraidh) nuair nár thuig siad rud éigin.

### Mínigh

Glac an t-am le focail nua a mhíniú, teanga neamhlitriúil nó fháthchiallach, cosúil le cora cainte agus focail a bhfuil níos mó ná brí amháin acu.

### Ráitis Dhearfacha

